GLOBAL ACTION PLAN

# GNÍOMHAÍOCHT AR MHAITHE LEIS AN tSAORÁNACHT DHOMHANDA

## SRAITH STRAITÉISÍ DO MHÚINTEOIRÍ



GLOBAL ACTION PLAN

Is eagraíocht chomhshaoil sheachbhrabúsach é **Plean Gníomhaíochta Domhanda (GAP) Éireann**, a bhfuil duaiseanna buaite aige agus atá ar thús cadhnaíochta sa réimse Oideachais le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe. Cuirimid tacaíocht ar fáil do scoileanna, pobail agus gnóthais le go mbeidh siad in ann gníomhaíocht chomhshaoil phraiticiúil a chur i bhfeidhm d'fhonn maireachtáil agus obair ar bhealach níos inbhuanaithe. Is cuid é GAP Éireann de GAP Idirnáisiúnta – líonra domhanda eagraíochtaí in 27 tír a éascaíonn athruithe in iompraíocht daoine chun an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn.

**Is í an inbhuanaitheacht ár misean:**

Is é ár misean ná tacú le daoine stíl mhaireachtála níos inbhuanaithe a ghlacadh chucu féin, agus chuige sin, soláthraímid réitigh atá praiticiúil agus cruthaitheach in éineacht, a spreagfaidh daoine chun athruithe a dhéanamh.

Díríonn GAP ar athruithe iompraíochta maidir leis an gcomhshaol, agus ar an mbealach sin, cumasaíonn siad daoine chun a nósanna ídithe fadtéarmacha a athrú, agus uirlisí agus cláir um mhaireachtáil inbhuanaithe a úsáid chun é sin a bhaint amach.

Irish Aid
WorldWise Global Schools

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Chúnamh Éireann agus a gclár WorldWise Global Schools (WWGS), as a dtacaíocht i ndáil leis an tsraith straitéisí seo a fhorbairt.

Ba iad Julia Haimlinger (an Plean Gníomhaíochta Domhanda) agus Deirdre Walsh (comhairleoir seachtrach) a scríobh an acmhainn seo, agus Áine Ferris (an Plean Gníomhaíochta Domhanda), Eufemia Solinas (an Plean Gníomhaíochta Domhanda) agus Vanessa Moore (an Plean Gníomhaíochta Domhanda) a chuir in eagar é Arna fhoilsiú den chéad uair ag: © Global Action Plan Ireland 2017. Gach ceart ar cosaint.

Gabhaimid buíochas ar leith leis na daoine agus na heagraíochtaí seo a leanas:

Padraic Creedon, Claire McAlister, Aoife Byrne, Ciara Murphy agus foireann uile Plean Gníomhaíochta Domhanda

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: Annette Honan

Cúnamh Éireann: Barbara Wilson

WWGS: Laura Cahill

Aidlink: Aishling Lennon

Trócaire: Stephen Farley

Ionad Pavee: Tracey Reilly

Comhlámh: Gareth Conlon

Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh: Padraic Dowdican

Coláiste Doiminiceach Santa Sabina: Elaine Murray-McGowan

Meánscoil an Linbh Naofa: Cathie Byrne

Coláiste Maryfield: Sorcha Mellon

Séanadh: Tá an tionscadal seo maoinithe ag clár Cúnamh Éireann, WorldWise Global Schools. Is é an t-údar amháin atá freagrach as na smaointe, na tuairimí agus na ráitis anseo agus ní gá gur léiriú iad ar bheartas Cúnamh Éireann agus/nó WorldWise Global Schools.

Dearadh agus cur i gcló: Pixelpress.ie
Clóbhuailte ar pháipéar creidiúnaithe FSC MIX
(an Chomhairle um Maoirseacht Foraoisí) ó fhoinsí freagracha.

FSC www.fsc.org MIX Paper from responsible sources FSC® C015417

# BROLLACH

**Creidimid, i bPlean Gníomhaíochta Domhanda, gur féidir le daoine cumasaithe difear ceart a dhéanamh!**

Tá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe tar éis sraith uilíoch cuspóirí domhanda a chur ar fáil dúinn, mar aon le creat comhaontaithe inar féidir linn sochaí níos fearr a thógáil ina mbeidh gach duine ar chomhchéim. Tá de fhreagracht orainn uile a bheith inár gceannairí agus inár gcosantóirí i ndáil leis na spriocanna sin, ionas go mbeimid in ann obair ar mhaithe le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an domhan a chosaint agus comhionannas agus rathúnas a chinntiú do chách.

De réir na Náisiún Aontaithe, is é an ghlúin reatha an ghlúin is mó daoine óga a bhí ar domhan riamh, is é sin, 1.2 billiún san aoisghrúpa 15-24. Ar an ábhar sin, chun na spriocanna thuas a bhaint amach, is gá dúinn aird glúin daoine óga a tharraingt, atá ar an eolas faoi na spriocanna agus a chreideann iontu, agus a throidfidh ar mhaithe le hathruithe a bhogfaidh an domhan i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe.

Le linn dúinn a bheith ag déanamh taighde ar an acmhainn seo agus á tiomsú, is é an sprioc a bhí againn ná tacú le hoideoirí na hÉireann chun cur ar chumas mac léinn a bheith ina saoránaigh gníomhacha domhanda agus a bheith níos oilte maidir lena n-eitic phearsanta féin, agus tionchar a gcinntí a mheas.

Tá súil againn go dtacóidh ár n-acmhainn, ‘Gníomhaíocht ar mhaithe leis an tSaoránacht Dhomhanda – Sraith Straitéisí do Mhúinteoirí’, le hoideoirí agus iad ag iarraidh a ndaltaí a chumasú le bheith ina saoránaigh gníomhacha domhanda ina gcuid scoileanna agus pobal, ar bhonn réimse gníomhaíochtaí agus acmhainní atá ag teacht leis an gCuraclam Náisiúnta, agus san am céanna, modheolaíochtaí foghlama gníomhacha a úsáid ar bhealach mealltach spreagúil.

Ba phróiseas iontach sásúil do Phlean Gníomhaíochta Domhanda é forbairt na sraithe straitéisí seo, agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Cúnamh Éireann as tacú leis an tionscadal seo lena gclár, WorldWise Global Schools.

**Eufemia Solinas**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

### Naisc leis an gCuraclam

Ba iad Plean Gníomhaíochta Éireann a d'fhorbair an acmhainn seo de réir Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí (2014), na dTreoirlínte Dréachta Folláine sa tSraith Shóisearach (Aibreán 2016), agus na Sonraíochta nua OSSP don Ghearrchúrsa Sraithe Sóisearaí (Meitheamh 2016).

Foinse: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Is follasach san acmhainn seo sciar mór den 24 Ráiteas Foghlama (RF) atá sonraithe sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015), agus is mian linn aird ar leith a tharraingt ar oiriúnú láidir do na ráitis seo a leanas:

- Tá an dalta ar an eolas faoi luachanna pearsanta agus tá tuiscint aige/aici ar an bpróiseas a bhaineann le cinnteoireacht ar bhonn morálta ( RF 5)
- Tá tuiscint agus meas ag an dalta ar an mbealach a gcuireann prionsabail, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis an bpobal agus leis an gcultúr ina bhfuil sé/sí ina chónaí (RF 6)
- Is mór ag an dalta na méid atá i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, a bhfuil cearta agus dualgais air/uirthi sa chomhthéacs áitiúil agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7)
- Tá meas ag an dalta ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, tuigeann sé/sí a thábhachtaí atá an gaol idir cúrsaí an lae inniu agus an ama atá thart, agus na fórsaí a spreagtar athruithe mar thoradh orthu (RF 8)
- Tuigeann an dalta bunús agus tionchar na ngnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann leis an domhan thart timpeall air/uirthi (RF 9)
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an féinspreagadh ag an dalta a chuirfeadh ar a c(h)umas maireachtáil go hinbhuanaithe (RF 10)

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

I Snáithe 2 den Ghearrchúrsa nua OSSP, An tSaoránacht Dhomhanda, iarrtar ar dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna na bochtaineachta, an neamhionannais agus na forbartha inbhuanaithe, agus plé a dhéanamh ar na bealaí ar féidir athruithe éifeachtacha a chur chun cinn. Tugtar aghaidh sa tsraith straitéisí seo ar gach ceann den 12 Thoradh Foghlama sa snáithe sin.

Is ann freisin do naisc thraschultúrtha láidre san acmhainn i gcoitinne, agus liostaítear ag tús gach caibidle torthaí foghlama a bhaineann go sonrach le hábhair ar leith. Ar na naisc ábhair is treise sa tSraith Shóisearach, tá Béarla, Tíreolaíocht, Staidéar Gnó, Eolaíocht, Matamaitic, TFC, Ealaín agus Corpoideachas. I gcás cuid mhaith de na gníomhaíochtaí sa tsraith straitéisí do mhúinteoirí, tá sé i gceist againn go mbeidís úsáideach do Chomhordaitheoirí Idirbhliana le linn d'aonaid Idirbhliana agus tionscadail bunaithe ar ghníomhaíochtaí a bheith á bpleanáil acu, agus go mbeidís úsáideach freisin don ábhar Sraithe Sinsearaí, Polaitíocht agus an tSochaí

Baintear leas as modheolaíochtaí foghlama gníomhacha san acmhainn seo tríd síos, agus úsáidtear idir ghníomhaíochtaí oideachais forbartha seanbhunaithe agus roinnt seod nua a bhfuil lúcháir orainn iad a chur faoi bhur mbráid. Oireann an-chuid de na gníomhaíochtaí leis an gcomhoibriú le grúpaí atá ann cheana, amhail Scoileanna Glasa, an Chomhairle Daltaí, an Cumann Tuismitheoirí, an Bord Bainistíochta agus an pobal áitiúil srl. Ligeann an comhiniúchadh idirghníomhach teagmhálach dúinn timpeallacht foghlama a chruthú a théann thar theorainneacha an tseomra ranga, agus a thacóidh, tá súil againn, le saoránaigh gníomhacha domhanda a dhéanamh díobh.


### Conas an tsraith straitéisí seo a úsáid

Tá an tsraith straitéisí eagraithe ina 8 gcaibidil, a bhfuil téama ar leith ag gach ceann díobh, agus é sin nasctha go dlúth leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, nó na Spriocanna Domhanda mar a ghlaoitear orthu go coitianta. Is cinnte gur féidir leat tiontú ó chaibidil go caibidil, molaimid tosú ar Chaibidil 1 mar go soláthróidh sé réamhrá maith duit ar an bhForbairt Inbhuanaithe agus cuirfidh sin ar do chumas na caibidlí a leanann a léamh ar do chaoithiúlacht. I ngach caibidil, tá gníomhaíochtaí tosaigh, gníomhaíochtaí príomha, mionchluichí agus ábhair bhreise! Ag tús gach caibidle, feicfidh tú go soiléir na Torthaí Foghlama, na naisc Thraschuraclaim agus Príomhscileanna tábhachtacha.

Spreagtar scoileanna chun cur isteach ar Ghradam Pas Dhomhanda WWGS ag www.worldwiseschools.ie

Feicfidh tú na stampaí bainteacha le hais na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus iad aibhsithe mar seo a leanas tríd na caibidlí:




Ar deireadh, tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an acmhainn seo a úsáid, agus ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil linn má tá aon cheisteanna agat.

| Caibidil | OSSP | Béarla | Tíreolaíocht | Staidéar Gnó | Eolaíocht | Polaitíocht agus an tSochaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | 2.2b | OL7, W1 | B1(i) | 3.6 | | |
| **2** | 2.2a, 2.7 | R2, R3 | | 3.2 | | 4.2 |
| **3** | 2.1, 2.3 | | | | 3.10 | |
| **4** | 2.8 | R10, R2, OL5 | A2(v) | | 2.7 | 3.2 |
| **5** | 2.5, 2.6 | OL3, OL5, W2 | C4 | | | |
| **6** | 2.4, 2.10 | OL4, OL8, OL9, W3 | A2 | | 2.7 | |
| **7** | 2.9 | R3 | B1 | | | |
| **8** | 2.11 | R3 | | | 1.9 | 3.1,3.4 |
| **Machnamh** | 2.12 | | | | | |

# CLÁR NA nÁBHAR


Réamhrá 4

**Caibidil 1: Forbairt Inbhuanaithe** **7**
- Néal Focal 7
- Díospóireacht Ghluaisteach faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 8

**Caibidil 2: Forbairt** **10**
- Péireáil Grianghraf 10
- Rós Compáis Forbartha 14

**Caibidil 3: Lorg Éiceolaíoch** **16**
- Dúshlán Loirg Grianghraif 16
- Café Domhanda 18

**Caibidil 4: Ceartas Domhanda** **20**
- Imeartas Focal 20
- Dráma Cumhachta Rólimeartha 22

**Caibidil 5: An Bhochtaineacht agus an Neamhionannas** **24**
- Léim Mhór, Céim Bheag 24
- Cás-Staidéar: Baile Átha Cliath - Kigali 27

**Caibidil 6: An tAthrú Aeráide** **29**
- Cluiche Fíoras Aeráide 29
- Crann Fadhbanna agus Réiteach 31

**Caibidil 7: Pleanáil Ghníomhaíochta** **34**
- Mapáil an Sconna 34
- Cás-Staidéar Trócaire ar Hondúras 36

**Caibidil 8: Feachtais** **40**
- Borradh nó Cliseadh Feachtais? 40
- Tóg Feachtas Gníomhaíochta 42

**Machnamh** **45**
- Uirlis Amlíne 45
- Péireáil agus Comhroinnt 47
- Is Saoránach Gníomhach Domhanda mé 48

# RÉAMHRÁ

**Is é aidhm na sraithe straitéisí seo ná leas a bhaint as léargas comhshaoil ar an oideachas chun an bhearna idir an tOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe agus an tOideachas Forbartha a shárú.**

**Is é an sainmhíniú a chuirtear i leith an Oideachais le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe ná go dtreisíonn sé cumas daoine roghanna a dhéanamh ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe.** Éascaíonn sé "athmhachnamh criticiúil, agus feasacht agus cumhachtú méadaithe ionas gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar fhíseanna agus choincheapa nua, agus modhanna agus uirlisí nua a fhorbairt". Baineann an tOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe le timpeallacht foghlama ghníomhach a chruthú agus bearta inbhuanaithe a ghríosú ar bhonn comhiniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna domhanda agus ar idirthuilleamaíocht an gheilleagair, na sochaí agus na timpeallachta nádúrtha. Chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach, is gá eolas agus scileanna a ghnóthú, tuairimí agus dearcthaí a cheistiú, agus foghlaim ar bhonn gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, ag leibhéal an duine aonair, an phobail, na tíre agus an domhain. Ar bhunluachanna an Oideachais le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, tá an ceartas sóisialta agus an comhionannas; mar sin, tá na spriocanna agus na cleachtais chéanna ag an oideachas sin is atá ag an oideachas cearta daonna agus an oideachas saoránachta.

Foinse: Straitéis Éireann um an Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (2014)

---

**"Baineann an tOideachas Forbartha** go díreach leis na beartais, straitéisí agus próisis oideachasúla atá ina mbonn leis an bhforbairt daonna, na cearta daonna agus an inbhuanaitheacht".

Foinse: www.developmenteducation.ie

---

De réir Chúnamh Éireann, is é atá san oideachas forbartha "próiseas oideachasúil atá dírithe ar ardú feasachta agus tuisceana a bhaint amach maidir leis an domhan idirspleách neamhionann ina mairimid, a bhfuil borradh faoi i gcónaí. Féachann sé le daoine a mhealladh chun tabhairt faoi anailísiú, machnamh agus bearta atá dírithe ar shaoránacht agus rannpháirtíocht áitiúil agus dhomhanda trí fhoghlaimeoirí a chumasú

chun go n-aithneoidís chomh idirnasctha atá a saol agus saol iad siúd a mhaireann sa domhan i mbéal forbartha." Is é bunchloch na físe ná "domhan cóir inbhuanaithe, ina mbeidh de chumhacht ag daoine an bhochtaineacht agus an t-ocras a shárú, a gcearta a fhíorú go hiomlán agus barr a gcumais a bhaint amach".

Foinse: Straitéis Chúnamh Éireann um Oideachas Forbartha 2017 - 2023

---

"Cuireann an tOideachas Forbartha ar chumas daoine an domhan thart timpeall orthu a thuiscint agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun é a athrú. Is é cuspóir an Oideachais Forbartha ná dul i ngleic le bunchúiseanna na héagóra agus an neamhionannais, ar bhonn domhanda agus áitiúil araon. Is domhan neamhionann agus éagórach go minic é an domhan ina mairimid, agus bíonn sé ag síorathrú. Gach lá, bíonn fórsaí domhanda ag dul i bhfeidhm ar ár saol laethúil. Cabhraíonn an tOideachas Forbartha linn na fórsaí sin a thuiscint agus conas iad a athrú chun todhchaí níos córa agus níos inbhuanaithe a chruthú do chách."

Foinse: www.ideaonline.ie

## Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Glacadh le Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe ar ócáid Chruinniú Mullaigh na Mílaoise i Meán Fómhair 2000, agus dá bharr sin, cuireadh dualgas ar náisiúin an domhain a bheith páirteach i gcomhpháirtíocht dhomhanda nua a laghdódh an fhíorbhochtaineacht, agus leagadh amach sraith spriocanna faoi cheangal ama, agus iad le bheith curtha i gcrích faoi 2015. Tugadh Spriocanna Forbartha na Mílaoise orthu.

An aidhm a bhí ag Spriocanna Forbartha na Mílaoise ná aghaidh a thabhairt ar fhíorbhochtaineacht de gach cineál; bochtaineacht ioncaim, ocras, galair, easpa dídine leordhóthanaí, agus eisiamh; agus ag an am céanna, an comhionannas inscne, an t-oideachas agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn. Is bunchearta daonna iad sin uile: an ceart atá ag gach duine ar domhan chun sláinte, oideachais, dídine agus slándála.

- Sa bhliain 1990, bhí 47% de dhaonra an domhain forbraíochta ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae; thit an sciar sin síos go dtí 14% in 2015.
- Tá ardú tagtha ar an ráta litearthachta i measc daoine óga idir 15 agus 24 bliana d'aois ó 83% in 1990 go dtí 91% in 2015.
- D'ainneoin fás ar an daonra i réigiúin forbraíochta, tá laghdú tagtha ar an ráta báis i measc leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois ó 12.7 milliún in 1990 go dtí beagnach 6 mhilliún ar fud an domhain in 2015.

Cé gur éirigh le cur i bhfeidhm Spriocanna Forbartha na Mílaoise timpeall an domhain ar an bhformhór, aithnítear i dTuairisc ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise 2015 go bhfuil easnaimh fós le sárú, chomh maith le dúshláin gan réiteach.

Foinse: www.unmilleniumproject.org

---

## Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nó Spriocanna Domhanda:

Ar an 25 Meán Fómhair 2015, ghlac breis is 150 ceannaire domhanda le sraith nua spriocanna chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint, agus rathúnas a chinntiú do chách mar chuid de chlár nua um fhorbairt inbhuanaithe (sa bhreis ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise). Baineann cuspóirí sainiúla le gach sprioc ar leith, agus tá na cuspóirí sin le baint amach le linn na 15 bliana amach romhainn. Chun go mbainfí na spriocanna sin amach, ní mór do gach duine agus gach grúpa a chuid féin a dhéanamh: na rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta agus daoine cosúil leatsa! Is spriocanna uilíocha iad seo, atá le baint amach ag gach tír.

Tabharfaidh an paca acmhainní seo roinnt smaointe spraíúla cruthaitheacha duit maidir le conas fáil amach faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, conas saoránaigh gníomhacha domhanda a chruthú agus conas do chion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an bpláinéad.



# GNÍOMHAÍOCHT AR MHAITHE LEIS AN tSAORÁNACHT DHOMHANDA



# CAIBIDIL 1 FORBAIRT INBHUANAITHE

**Toradh Foghlama OSSP 2.2b:** Déan do shainmhíniú féin ar an bhforbairt inbhuanaithe a cheapadh.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 3.6 Pátrúin forbartha a shainaithint ag leibhéil éagsúla ar fud an domhain, 3.7 Cuir an fhorbairt faoi cheannteidil éagsúla in Éirinn i gcomparáid leis an bhforbairt i dtír forbartha

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (OL 7, W1), Tíreolaíocht (B1(i)), Staidéar Gnó (3.6), TFC, Ealaín.

**Príomhscileanna:** Mé féin a bhainistiú: Cinntí stuama a dhéanamh. Cumarsáid a dhéanamh: Plé agus díospóireacht a dhéanamh.

## RÉAMHRÁ:

## NÉAL FOCAL

30 nóim




**Treoracha:**

- Scríobh "Forbairt Inbhuanaithe" ar an gclár bán agus iarr ar do dhaltaí roinnt focal a bhreacadh síos chucu féin ar bhlúire páipéir, a chuireann síos ar an méid a ritheann leo nuair a chloiseann siad an frása.
- Má tá leid uathu, d'fhéadfá iarraidh orthu smaoineamh ar aon cheisteanna reatha áitiúla, náisiúnta nó domhanda a bhféadfadh daoine obair i dteannta a chéile chun iad a shárú. Níl aon fhreagraí míchearta ann!
- Caith an chaid in airde agus iarr ar dhalta amháin ceann de na focail a bhreac sé/sí síos a thabhairt le fios, ansin abair leis na daltaí eile sa rang a lámha a chur in airde más amhlaidh atá an focal céanna nó focal cosúil acu féin.
- Comhair na lámha in airde agus taifead an focal agus an uimhir sin (m.sh. 'domhanda' x6) ar an gclár bán; lean ort ansin go dtí an chéad dalta eile. Coinnigh ort ar feadh cúig nóiméad nó go dtí go stopann cúrsaí go nádúrtha.
- Agus na torthaí ón ngníomhaíocht néal focal á n-úsáid agat, iarr ar do dhaltaí sainmhíniú a dhréachtú don fhorbairt inbhuanaithe ina ngrúpaí beaga Amharc ar an bhfíseán faoin bhforbairt inbhuanaithe thíos agus faigh amach an bhfuil cosúlachtaí idir na sainmhínithe ón rang.
- Is fiú sracfhéachaint a thógáil ar chuid de na sainmhínithe oifigiúla ar an bhforbairt ar leathanach 12.
- Féach leat an fairsingiú néal focal ar leathanach 9 i gcomhair fairsingiú traschuraclaim simplí le hEalaín nó TFC.

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
"What is Sustainable Development" (2015), ar chainéal YouTube na Náisiún Aontaithe: http://youtu.be/3WODX8fyRHA

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

# DÍOSPÓIREACHT GHLUAISTEACH FAOI NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

45 nóim

**Téigh go dtí ár láithreán gréasáin!**
www.globalactionplan.ie/education/reFoinses

I gcás na díospóireachta gluaistí seo, beidh ort cóip amháin de na sprioc-chártaí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a íoslódáil agus a phriontáil. De rogha air sin, d'fhéadfá iarraidh ar do rang iad a dhéanamh. Más á bpriontáil atá tú, molaimid úsáid a bhaint as an socrú déthaobhach, a mbeidh naoi leathanach A4 i gceist leis.

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
Amharc ar an bhfíseán seo!

"The World's Largest Lesson" 2015 ar an gcainéal YouTube Spriocanna Domhanda: http://youtu.be/cBxN9E5f7pc

Déantar an físeán seo a nuashonrú i Meán Fómhair gach bliain, agus faigheann sé tacaíocht ó lear mór daoine cáiliúla timpeall an domhain.

**Treoracha:**

- Roghnaigh ceithre dhalta, tabhair cárta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) do gach duine díobh agus iarr ar gach duine díobh seasamh i gcúinne ar leith den seomra ranga. Lig dóibh léamh tríd na spriocanna ar chúl an chárta SFI ar feadh cúpla nóiméad agus ráiteas éifeachtach a phleanáil.
- Tá nóiméad an duine ag na daltaí sin anois chun cur ina luí ar an gcuid eile den rang cén fáth arb é a SFI féin is tábhachtaí.
- Tá sé in am bogadh - is féidir leis an gcuid eile den rang seasamh taobh leis an dalta a bhfuil an cárta SFI aige/aici is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu.
- Tosaigh sa chúinne ina bhfuil an líon is lú daltaí, agus iarr ar dhuine de na daltaí a bhog anonn chuig an gcúinne cén fáth arb é an SFI seo is tábhachtaí, dar leis/léi.
- Déan amhlaidh i gcás na gcúinní uile agus ansin cuir plé ar siúl le gach duine, agus déan an rang a spreagadh chun a dtuairimí a nochtadh faoi conas a d'fhéadfadh SFI amháin cabhrú nó dul i bhfeidhm ar cheann eile.
- Tabhair deis do na daltaí bogadh arís, bunaithe ar an díospóireacht ranga a bhí ann. Má bhogann aon duine anois, moltar ceist a chur air/uirthi cad ba chúis leis an athrú intinne.
- Lean an próiseas céanna i gcás an chéad ceithre SFI eile, agus gach uair, cuir an cárta a bhuann ar leataobh don bhabhta deireanach.
- Tar éis plé a bheith déanta ar gach ceann den sé SFI déag, déan babhta deiridh leis an gceithre chárta a bhuaigh.
- Chun clabhsúr a chur ar an ngníomhaíocht, mínigh gur féidir le gach duine tuairimí éagsúla a bheith acu ar na Spriocanna Domhanda, agus go bhfuil cuid díobh níos tábhachtaí ná a chéile, ag brath ar an duine. Tá sé tábhachtach go mbeadh meas againn ar thuairimí daoine eile agus go nglacfaimis leis go bhfuil difear idir na rudaí a mhúsclaíonn fonn cabhrú i ndaoine nó a spreagann iad chun gníomhú.
- Ar deireadh, taispeáin Sprioc 17 don rang: Comhpháirtíochtaí le haghaidh na Spriocanna, agus cuir an cheist shimplí seo a leanas: An féidir linn aon cheann de na spriocanna seo a bhaint amach faoi 2030 gan oibriú le chéile?

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
www.globalgoals.org



# ÁBHAIR FHAIRSINGITHE

## GRÉASÁN OLLA SFI

15 nóim

Ligfidh an ghníomhaíocht seo do dhaltaí na naisc idir gach ceann de 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a iniúchadh agus iad a chur i bhfocail. Gheobhaidh na daltaí tuiscint níos doimhne ar na hidirnaisc a bhaineann leis na spriocanna. Teastóidh na cártaí SFI agus ceirtlín olla uait don ghníomhaíocht seo.

### Treoracha

• Abair leis na daltaí ciorcal a dhéanamh agus tabhair cárta SFI do gach duine lena chur os a gcomhair ar an urlár.

• Tabhair an ceirtlín olla do dhuine de na daltaí agus iarr ar na daltaí eile machnamh a dhéanamh ar na naisc idir SFI an dalta a bhfuil an olann aige nó aici agus an SFI atá acu féin.

• Lig don ghrúpa smaoineamh ar a naisc uile ar feadh nóiméid. Tabhair do d'aire: I dtimpeallacht scoile, d'fhéadfadh go dteastódh treoir ó na daltaí le go bhfeicfidís na naisc éagsúla idir na SFInna.

• Tar éis nóiméid, iarr ar an ngrúpa 'an bhfuil nasc aimsithe ag duine ar bith?' Ba chóir dóibh siúd a bhfuil nasc acu a lámha chur in airde ionas go bhféadfaí an ceirtlín olla a chur chucu.

• An té a bhfuil an ceirtlín olla aige/aici, coinneoidh sé/sí píosa den olann chun pointe ancaireachta a chruthú, agus ansin tabharfaidh sé/sí an ceirtlín olla do dhuine de na daltaí a raibh a lámha in airde.

• Ní mór don dalta a bhfuil an ceirtlín olla aige/aici anois míniú dá bpáirtithe ranga cén fáth a bhfuil nasc idir an dá SFI, dar leis/léi.

• Ag deireadh an chluiche, ba chóir go mbeadh cuma gréasáin mhóir olla ar an gciorcal mór, agus an gréasán sin ag taispeáint chomh fite fuaite ina chéile atá na SFInna uile.

# ÁBHAIR FHAIRSINGITHE:

## EALAÍN

30 nóim

Agus an ghníomhaíocht tosaigh sin déanta agat, seo dhá rogha a ligfidh duit do néal focal féin a dhéanamh, chun deiseanna maidir le foghlaim chomhoibríoch a chruthú.

### EALAÍN

Cruthaigh póstaeir forbartha inbhuanaithe ar a n-úsáidtear raon leathan clónna, agus cuir in airde é ar do chlár fógraí um shaoránacht dhomhanda ionas gur féidir leis an scoil ar fad é a fheiceáil.

### TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Úsáid an láithreán gréasáin Néal Focal chun na nascacht focal maidir le forbairt inbhuanaithe ón gcéad ghníomhaíocht a chur i láthair. Na focail is mó a raibh tóir orthu sa rang, beidh cló mór orthu (m.sh. 'domhanda' x6), agus na cinn nár roghnaíodh ach uair nó dhó, beidh siad i bhfad níos lú. Féach ar ár sampla ar leathanach 7 má theastaíonn inspioráid uait!

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

RESPECTFUL RELATIONSHIPS

### CUMARSÁID

Scaip é seo ar láithreán gréasáin nó leathanach meán sóisialta do scoile agus úsáid na haischlibeanna #SDGs #SustainableDevelopment agus #GlobalGoals

**Úsáid an láithreán gréasáin seo!**
www.wordclouds.com

CAIBIDIL 2

# FORBAIRT



**Torthaí Foghlama OSSP 2.2a:** Cuir raon leathan sainmhínithe san áireamh maidir le cad is forbairt ann. 2.7: Pléigh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha na forbartha ina gceantar áitiúil.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach**: 3.7 Mar thoradh ar chomparáid a dhéanamh faoi cheannteidil éagsúla idir forbairt in Éirinn agus forbairt i dtír forbartha, 3.9 beidh an t-eolas a aimsítear anseo úsáideach chun an fhoghlaim faoin daonra agus faoin bhforbairt dhaonna a tharraingt le chéile laistigh den phróiseas domhandaithe.

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (R2 & R3), Staidéar Gnó (3.2), Polaitíocht agus an tSochaí (LC)(4.2)

**Príomhscileanna:** Oibriú le daoine eile: Foghlaim in éineacht le daoine eile. Faisnéis agus smaointe a bhainistiú: Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú, agus a mheas.

5 COMHIONANNAS INSCNE | 10 NEAMHIONANNAS LAGHDAITHE

## RÉAMHRÁ:

## PÉIREÁIL GRIANGHRAF

45 nóim

Ó thaobh na staire de, samhlaíodh an fhorbairt riamh leis an gcaipitleachas, an tionsclaíocht agus an nuachóiriú. Is iomaí ciall is féidir a bhaint as an bhforbairt, ag brath ar cé air a gcuireann tú an cheist, nó cén léargas atá agat féin. Ní ionann an fhorbairt agus an cúnamh. Cé go mbíonn cúnamh i gceist de ghnáth i bhfoirm faoisimh tar éis tubaiste nádúrtha nó cogadh, cuireann an fhorbairt cúinsí eacnamaíocha níos fadtéarmaí san áireamh, mar aon le claochlú sóisialta agus tosca comhshaoil; ní i gcónaí a bhíonn na gnéithe sin ualaithe go cothrom nó inbhuanaithe, áfach.

Féach an léaráid shimplí ar leathanach 11, a thaispeánann cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus féach an físeán faoin bhforbairt dhaonna thíos. Bain leas as na ceisteanna spreagtha chun an rang a chur ag smaoineamh faoin bhforbairt.

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
"What is Human Development?" ar chainéal YouTube UNDP na Cosaive.
http://youtu.be/HwgZQ1DqG3w

**Ceisteanna Spreagtha!**

1. Céard iad na bunriachtanais atá ag daoine?
2. An bhfuil nasc idir bunriachtanais agus forbairt?
3. An bhfuil coinbhleacht idir aon cheann de do riachtanais agus aon cheann nó cinn eile? Féach ár sampla sa bhosca thíos.
4. An gceapann tú go mbíonn tionchar ag tíortha ar leith ar an gcaoi a bhféadfadh tíortha eile forbairt? Tabhair sampla.
5. An gceapann tú go mbaineann gach duine sa tsochaí an tairbhe chéanna as an bhforbairt eacnamaíoch?

### CONAS A THAGANN ÁR RIACHTANAIS SALACH AR A CHÉILE?

Teastaíonn uisce uait le hól ach teastaíonn bia le hithe uait freisin agus is gá duit leithreas a úsáid...

Faightear 25% den uisce óil in Éirinn ó dhobharlaigh screamhuisce...

Is iad na príomhrudaí a chuireann cáilíocht ár n-uisce óil i mbaol in Éirinn ná níotráití ó leasachán, scaipeadh aoiligh ar an talamh agus úscaíl camrais ó dhabhcha séarachais isteach in uiscí.

Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## Treoracha

- Léigh tríd na sainmhínithe ar an bhforbairt ar leathanach 12 agus déan iarracht gach ceann díobh a phéireáil le grianghraf atá curtha ar fáil. Más amhlaidh atá na sainmhínithe róchasta, d'fhéadfá cuid díobh a fhágáil ar lár nó iarraidh ar na daltaí na grianghraif a ghrúpáil faoi na ceannteidil seo a leanas: forbairt inbhuanaithe, inscne agus forbairt, forbairt dhaonna, forbairt eacnamaíoch.
- D'fhéadfadh go n-oibreodh meascáin éagsúla, ag brath ar cad a mheallann na daltaí sna grianghraif nó sna focail. Bí cinnte agus plé a dhéanamh ar an réasúnaíocht is bonn le sainmhíniú a phéireáil le híomhá.
- Má theastaíonn leid uathu, iarr ar do dhaltaí smaoineamh ar na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith follasach sa ghrianghraf, agus cén duine a bhfuil a t(h)osaíocht léirithe.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a iniúchadh ar an-chuid bealaí, seo thíos rogha modhanna chuige sin:

  – Déan leathanaigh 12 agus 13 a fhótachóipeáil, agus lig do gach dalta gach sainmhíniú ar leith a phéireáil le grianghraf mionsamhla. Ansin cuireadh na daltaí a dtorthaí i gcomparáid le torthaí an té in aice leo, agus déanaidís plé ar an réasúnaíocht is bonn lena rogha.

  – Tá spás ag teastáil don leagan seo! Úsáid na grianghraif acmhainne mhóra agus dhá nó trí fhótachóip de na sainmhínithe (ag brath ar mhéid do ranga), roghnaigh ocht ndalta a dhéanfaidh ciorcal beag i lár an ranga, agus iad ag breathnú amuigh, agus ceann den ocht ngrianghraf ina lámha ag gach duine díobh.

  – Abair leis an gcuid eile den rang ciorcal níos leithne a dhéanamh timpeall an ocht ndalta, gach duine ag breathnú isteach, agus greim á bhreith ag gach duine ar chóip de shainmhíniú amháin ar an bhforbairt. Nuair a bheidh tú réidh, tosóidh an ciorcal amuigh a bhfuil na sainmhínithe acu ag rothlú thart ar an gciorcal istigh, agus iad ag féachaint ar na grianghraif agus ag roinnt a sainmhínithe go dtí go gceapann siad go bhfuil an phéireáil chuí aimsithe acu.

**SÓISIALTA - AN COMHSHAOL**


**A chinntiú go bhfuil daoine ag maireachtáil ar a gcompord agus tacú le folláine chomhshaoil**

- Ceartas Comhshaoil Domhanda
- Lompar poiblí a úsáid in ionad carr príobháideach

**GEILLEAGAR - AN COMHSHAOL**

**Ag tacú le fás geilleagrach nach ndéanann damáiste don chomhshaol**

- Déine fuinnimh an gheilleagair
- Dreasachtaí chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid




**SÓISIALTA - AN GEILLEAGAR**

**Ag tacú le fás geilleagrach sa chaoi go mbaineann gach duine tairbhe as an obair a dhéanann siad**

- Cothrom na Féinne d'oibrithe
- Eitic ghnó

# SAINMHÍNITHE NA FORBARTHA BILEOG 1

FÓTACHÓIP

i. Díríonn an fhorbairt dhaonna ar saol daoine a fheabhsú, agus ar dheiseanna agus roghanna córa a chruthú (Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe).

ii. Tá an fhorbairt eacnamaíoch múnlaithe ag an mbeartas rialtais agus bíonn fás eacnamaíoch, cáilíocht beatha, teicneolaíocht nua agus fiontraíocht curtha san áireamh leis (Riarachán Forbartha Eacnamaíche SAM).

iii. Tá d'aidhm ag an bhforbairt shóisialta a bheith chun leasa gach duine, agus is é is bonn léi ná go mbíonn tionchar ag athruithe sóisialta ar an bhforbairt (ISS).

iv. Sa réimse inscne agus forbartha, féachtar ar na bealaí difriúla a dtéann cinntí agus cleachtais forbartha i bhfeidhm ar fhir agus mhná ó thaobh cumhachta agus deiseanna de" (DevEd)

v. Is éard is forbairt inbhuanaithe ann "forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cur as do chumas na nglún atá romhainn freastal ar a riachtanais féin" (Tuairisc Brundtland).

vi. Is é bunchloch na gceart daonna agus na forbartha ná, "maidir le cur chuige na gceart daonna i leith laghdú na bochtaineachta, seasann an cur chuige sin le prionsabail na huilíochta, na dodhealaitheachta, an chumhachtaithe agus na trédhearcachta, na cuntasachta agus na rannpháirtíochta." (Na Náisiúin Aontaithe)

vii. Is gnéithe tábhachtacha iad an cultúr agus an fhorbairt ó thaobh inbhuanaitheacht a bhaint amach, mar go gcreidtear gurb é an cultúr a spreagann fachtóirí sóisialta agus comhshaoil na forbartha (EOECNA).

viii. Tá an t-athrú aeráide agus an fhorbairt tiomanta "obair i gcomhar le chéile chun an t-oiriúnú maidir le hathrú aeráide a chomhcheangal níos fearr sa pleanáil **agus sa chúnamh forbartha" (ECFE).**

# SAINMHÍNITHE NA FORBARTHA BILEOG 2

FÓTACHÓIP



Oiliúint i gCumann Chearta an Linbh, an Chéinia. Foinse: Aidlink



Leithris do Chailíní go Sonrach i mBunscoil, an Chéinia. Foinse: Aidlink




Umar Uisce Bunscoile, an Chéinia. Foinse: Aidlink



Cumann Tuismitheoirí i mBunscoil, an Chéinia. Foinse: Aidlink



Tuilte i mBaile Átha Luain, Éire 2009.
Foinse: Flick.com – Tom Foley – moby.to/lgvnrq (CC BY-NC-SA 2.0)



Feirm Ghaoithe i dTrá Lí, Éire 2006.
Foinse: Vincent MacNamara/shutterstock.com



Mná ag glacadh páirt sa chlár bia mar mhalairt ar obair, an Aetóip.
Foinse: 'Bia agus Feirmeoireacht in Tigray', Cúnamh Éireann 2014




Daltaí ag freastal ar an scoil, an Aetóip.
Foinse: 'Bia agus Feirmeoireacht in Tigray', Cúnamh Éireann 2014

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

## RÓS COMPÁIS FORBARTHA

45 nóim




I ngrúpaí ceathrair, úsáid an acmhainn Róis Compáis thíos chun iniúchadh a dhéanamh ar thionscadal forbartha i do cheantar áitiúil.


Féach roinnt samplaí sa tábla thíos, de rogha air sin, d'fhéadfá forbraíochtaí náisiúnta níos mó a úsáid, mar shampla, Loisceoir an Phoill Bhig, an M3/Mótarbhealach Teamhrach nó an cás Gáis scealla, mar go bhfuil lear mór eolais ar fáil go forleathan fúthu.

Smaoinigh ar na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha ó thaobh na ndearcthaí seo a leanas de:

- Tuaisceart = Comhshaol Nádúrtha: Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbraíocht seo ar an gcomhshaol áitiúil? An gcuirfidh sí leis an athrú aeráide nó an dtroidfidh sí ina choinne? Cén iarmhairtí dearfacha nó diúltacha a bheadh aige sin ar an ithir, an t-aer, an t-uisce agus an bhithéagsúlacht?
- Oirthear = Eacnamaíoch: An mbeidh brabús nó caillteanas ann mar thoradh ar an tionscadal forbartha? Cé air nó uirthi a mbeidh tionchar dearfach/diúltach dá bharr? An bhfuil deontais/cúnamh ann chun tacú leis? Conas a rachaidh sé i bhfeidhm ar ghnóthais agus phoist sa cheantar? An féidir leis maireachtáil san fhadtéarma?
- Deisceart = Sóisialta: An bhfreastalaíonn an tionscadal forbartha seo ar riachtanais éagsúla laistigh den phobal áitiúil? Mar shampla, daoine ó chultúir éagsúla, ar aoiseanna éagsúla nó d'inscní éagsúla. Conas a chuirfidh sé le folláine an phobail?
- Iarthar = Cén duine: Cé aige nó aici a bhfuil an chumhacht maidir le cinnteoireacht agus cé a chinneann conas a tharlóidh sé nó cathain a tharlóidh sé? Cén duine nó grúpa a bhainfidh tairbhe as? Cén duine nó grúpa a bheidh thíos leis? An ndeachthas chun cainte leis an bpobal áitiúil? An cúrsaí polaitíochta is cúis leis?

| |
|---|
| conairí rothaíochta nua |
| ionad siopadóireachta |
| 'béilí ar rothaí' |
| club óige |
| tithíocht shóisialta |
| ranganna Béarla saor in aisce |
| gairdín pobail |
| ionad dífhostaíochta |
| scoil nua |
| cúram sláinte saor in aisce |
| scéim fuinnimh pobail |
| tionscnamh cur crann |

### RÓS COMPÁIS FORBARTHA



## FAIRSINGIÚ:

# FOGHLAIM CHOMHOIBRÍOCH

45 nóim

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

### TREORACHA

Staidéar Gnó: Úsáid láithreán gréasáin an Bhainc Dhomhanda nó do rogha foinse eile chun cúpla beart forbartha a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile; agus é sin á dhéanamh agat, déan machnamh ar na táscairí a úsáideann siad agus cibé an ndéanann siad nó nach ndéanann siad ionadaíocht chóir ar an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas araon.

Féach an liosta táscairí forbartha atá molta againn:

- Olltáirgeacht Intíre (OTI): Díríonn an Olltáirgeacht Intíre ar luach iomlán na n-earraí a tháirgtear agus na seirbhísí a sholáthraítear i dtír.
- An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: Cuirtear san áireamh san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna ionchas saoil, oideachas agus ioncam.
- Innéacs an Phláinéid Shásta: Leagann Innéacs an Phláinéid Shásta béim ar fholláine, ionchas saoil, neamhionannas agus lorg éiceolaíoch daoine.
- An tInnéacs um Bhochtaineacht Ilghnéitheach: Dírítear san Innéacs um Bhochtaineacht Ilghnéitheach ar an oideachas, an tsláinte agus an bunchaighdeán maireachtála ó thaobh táscairí díthe de.

Iarr ar do rang machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas, agus na bearta forbartha á bplé acu.

1. An bhfuil aon teorainneacha leis na bearta forbartha éagsúla?
2. An bhfuil aon bhearta ann atá bunaithe ar an ngeilleagar amháin?
3. Cén táscairí forbartha a dhéanann an comhshaol a chur san áireamh?
4. An gceapann tú gur tomhas tábhachtach ar an bhforbairt í an fholláine?
5. Conas a dhéantar an bhochtaineacht a thomhas in Éirinn?

### Seo áit mhaith le tosú!

Úsáid láithreán gréasán an Bhainc Dhomhanda chun comparáid a dhéanamh idir táscairí forbartha i do rogha tír: databank.worldbank.org/data/home.aspx

Tá mapa domhanda idirghníomhach iontach ar láithreán gréasáin Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe, ina dtaispeántar an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: www.hdr.undp.org/en/countries

Tá mapa an-mhaith freisin ag Innéacs an Phláinéid Shásta, ar féidir leat é a chur i gcomparáid go héasca leis an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna: www.happyplanetindex.org/countries

Tá leathanaigh thar a bheith úsáideach ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine maidir leis an mbochtaineacht in Éirinn a thomhas: www.combatpoverty.ie/povertyinireland/ measuringpoverty.html

CAIBIDIL 3

# LORG ÉICEOLAÍOCH



**Torthaí Foghlama OSSP:** 2.1: Cuir in iúl dóibh a oiread agus atá siad nasctha le héiceachórais, daoine agus áiteanna, ó chian agus ó chóngar, agus a oiread agus a bhíonn siad ag brath orthu sin. 2.3: Cruthaigh léiriú amhairc de shonraí, a chuireann a lorg éiceolaíoch in iúl.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 2.4 Déan machnamh ar iarmhairtí comhshaoil agus saothrú acmhainní nádúrtha, 2.6 Déan iniúchadh ar chúiseanna agus impleachtaí an athraithe aeráide.

**Naisc thraschuraclaim:** TFC, Matamaitic, Eolaíocht (3.10).

**Príomhscileanna:** A bheith cruthaitheach: Samhlú. Fanacht sláintiúil: A bheith cuideachtúil. Cumarsáid a dhéanamh: Uimhreacha agus sonraí a úsáid.

15 AN SAOL AR TALAMH

Extra CURRICULAR 30PTS

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

## RÉAMHRÁ:

## DÚSHLÁN LOIRG GRIANGHRAIF

45 nóim

**Nuair a shiúlann tú ar ghaineamh fliuch, cad a fhágann tú i do dhiaidh?**

Na roghanna a dhéanann tú maidir le do stíl mhaireachtála, fágann siad lorg ina ndiaidh freisin, ach uaireanta ní fheictear iarmhairtí nó tionchar na roghanna sin láithreach, nó níl siad feiceálach don té a rinne iad.

### Ceisteanna Spreagtha!

- Ar chuala aon duine riamh faoi lorg carbóin? Cad faoi lorg uisce?
- Ar mhaith le duine ar bith buille faoi thuairim a thabhairt ar an gciall atá le lorg éiceolaíoch? Smaoinigh ar do stíl mhaireachtála, cén riachtanais atá agat, cad ba mhaith leat?
- Ar smaoinigh tú riamh faoin talamh a theastaíonn chun an bia a itheann tú a tháirgeadh? Cé mhéad uisce a theastaíonn chun na héadaí a cheannaíonn tú a tháirgeadh?
- Céard faoin iompar nó fuinneamh a úsáideann tú ar bhonn áitiúil?



Foinse: Sharomka/shutterstock.com

Cén dramhaíl a chruthaíonn tú mar thoradh ar do roghanna maidir le stíl mhaireachtála?
Lena rá chomh simplí agus is féidir, is éard is lorg éiceolaíoch ann an brú a chuireann ár stíl mhaireachtála ar an bpláinéad. Murab ionann is lorg carbóin, a thomhaiseann an méid CO2 a tháirgtear, agus lorg uisce, a thomhaiseann an méid H2O a úsáidtear, tagraíonn lorg éiceolaíoch don mhéid iomlán acmhainní a úsáidtear agus don mhéid iomlán dramhaíola a tháirgtear.

**FÍORAS!** IS IONANN AGUS 51 BILLIÚN HEICTEÁR DROMCHLA AN DOMHAIN ACH NÍ TALAMH THORTHÚIL Ó THAOBH NA BITHEOLAÍOCHTA DE ACH 27% DE.

## Treoracha

Le haghaidh obair bhaile, iarr ar na daltaí sé ghrianghraf a ghlacadh nó sé sceitse simplí a tharraingt dá 'lorg éiceolaíoch' aonair thar thréimhse 24 uair, agus na catagóirí thíos á n-úsáid acu.

Pléigh sa rang cathain a d'úsáidfeá/ídeofá na rudaí seo a leanas...

1. **Uisce?** An leithreas a shruthlú, do lámha a ní, cith/folcadh a bheith agat, d'fhiacla a ní, uisce a ól, soithí a ní, niteoir soithí, inneall níocháin, na bláthanna a uisciú, an carr a ní, na fuinneoga a ní, an chistin/seomra folctha a ní nó cócaráil. An bhfuil uisce báistí, uisce cóireáilte (uisce óil) á úsáid agat nó an smaoineofá riamh ar an uisce a d'úsáid tú chun na soithí a ní a athúsáid chun do leithreas a shruthlú (uisce liath)?
2. **Fuinneamh?** Fón/táibléad/ríomhaire glúine a luchtú, cith a thógáil, fearais tí amhail citeal, tóstaer, cuisneoir, gléas caoineoige, micreathonn, aláram, teilifís, idirlíon, consól cluichí, soilsí nó iarann. An ó bhreosla iontaise nó athnuaiteáin an foinse fuinnimh? Cén athnuaiteáin a bhaineann leis an bhfoinse fuinnimh? Cé chomh héifeachtúil is atá an fhoinse agus an fearas?
3. **Bia?** Conas a fásadh, a níodh, a próiseáladh, a cuireadh i bpacáiste agus a iompraíodh do bhricfeasta?
4. **Iompar?** An bhfuil tú ag úsáid carr, bus, tram, traein, bád nó eitleán? An dtéann tú ó A go B ar an rothar, ar scátaí, ar scútar nó de shiúl na gcos? Céard é an modh is éifeachtúla? Cén astaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le gach foirm iompair a úsáideann tú?
5. **Cineálacha éagsúla dramhaíola cruthaithe?** An chuig líonadh talún nó láthair um loscadh, athchúrsáil nó múiríniú a thabharfar é? An bhféadfadh sé a bheith úsáidte arís ar bhealach éigin? Cén astaíochtaí carbóin a scaoileadh nó a scaoilfear le linn shaolré na dramhaíola?
6. **Foirgnimh éagsúla in úsáid?** Teastaíonn talamh le haghaidh gach foirgnimh agus úsáidtear acmhainní nádúrtha chun é a thógáil; is gá fuinneamh chuige sin, agus scaoiltear CO2 ó bhreoslaí iontaise atá ag dó. Gach duine a úsáideann foirgneamh, cuireann sé nó sí le lorg éiceolaíoch an fhoirgnimh, i dtéarmaí astaíochtaí saolré.

   – Tar éis 24 uair, tá ar na daltaí sé ghrianghraf/sceitse an duine a sheoladh.

   – Eagraigh na grianghraif/sceitsí ina sé ghrúpa téamúla, agus cruthaigh colláis don chlár fógraí nó cur i láthair um shaoránacht dhomhanda, a d'fhéadfaí a íoslódáil chuig láithreán gréasáin na scoile.

   – **TFC:** Abair le do dhaltaí an tÁireamhán Loirg Carbóin a úsáid (láithreán gréasáin liostaithe thíos) chun a lorg aonair le 12 mhí anuas a thomhas. Úsáid na meáin d'Éirinn atá liostaithe sa bhosca fíoras mura féidir leo a n-ídiú tí iarbhír a fháil amach.

**Úsáid an láithreán gréasáin seo chun do lorg gréasáin a fháil amach!**
www.carbonfootprint.com/calculator.aspx

**FÍORAS!**

IN 2015, D'ÚSÁID AN MEÁNTEAGHLACH IN ÉIRINN 5,300 CILEAVATUAIR LEICTREACHAIS AGUS 13,800 CILEAVATUAIR GÁIS, AGUS IS IONANN SIN AGUS ASTÚ THART AR 5.5 TONNA CO2 IN AGHAIDH AN TEAGHLAIGH (SEAI).

IN 2011, BA É AN MÍLEÁISTE A RINNE CARR PEITRIL AR AN MEÁN NÁ **16,000KM**, AGUS **23,800KM** I gCÁS CARR DÍOSAIL (SEAI).

IN 2005, BHÍ LORG CARBÓIN **7.97 TONNA MÉADRACH** AG AN MEÁNDUINE IN ÉIRINN (NA NÁISIÚIN AONTAITHE)

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

## CAFÉ DOMHANDA

45 nóim




### Treoracha

- Bris an rang suas ina dhá ghrúpa agus cuir bileog pháipéir agus roinnt peann ar bhord do gach ceann díobh.
- Tabhair do gach grúpa ceann amháin den sé chatagóir ón dúshlán loirg grianghraif; uisce, fuinneamh, bia, iompar, dramhaíl agus foirgnimh.
- Tabhair cúig nóiméad déag dóibh chun a oiread bearta um mhaireachtáil inbhuanaithe agus is féidir a bhreacadh síos, a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ag na leibhéil seo a leanas: aonair, na scoile/an phobail, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (féach samplaí thíos).
- Anois abair leis an sé ghrúpa a bpáipéar a fhágáil ina ndiaidh agus bogadh ar deiseal go dtí an chéad bhord eile.
- Tabhair cúig nóiméad dóibh chun moltaí an ghrúpa sin maidir le bearta um mhaireachtáil inbhuanaithe a léamh, agus lig dóibh cur leis an leathanach más féidir leo smaoineamh ar aon rud nua don chatagóir sin.
- Déan amhlaidh cúig uaire go dtí go gcríochnaíonn an grúpa san áit ar thosaigh siad lena gcatagóir thosaigh, agus tabhair cúig nóiméad dóibh chun aon mholtaí a fheiceáil a d'fhéadfadh a bheith scríofa ag na grúpaí eile ar a leathanach.



| UISCE | |
|---|---|
| **DUINE AONAIR**<br>• Bíodh cith sciobtha agat – 4 nóiméad nó níos lú | **SCOIL / POBAL**<br>• Suiteáil buta inar féidir uisce báistí a bhailiú |
| **GO NÁISIÚNTA**<br>• Tosaigh achainí chun beartas náisiúnta a athrú | **GO hIDIRNÁISIÚNTA**<br>• Cén Spriocanna Domhanda a bhaineann le do ghníomhaíochtaí? |

Úsáid an láithreán gréasáin seo!
www.globalgoals.org

Leasaithe ó www.theworldcafe.com

# FAIRSINGIÚ:

# TÉIGH i mBUN GNÍOMHAÍOCHTA!

15 nóim

13 GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

### Treoracha

Déanann gníomhaíochtaí aonair an-difear nuair a chuirtear le chéile iad. Agus na gníomhaíochtaí aonair ón ngníomhaíocht Café Dhomhanda á n-úsáid, spreag gach duine chun gníomhú trí ghealladh go ndéanfaidh siad rud amháin, mar shampla, gan buidéil, málaí, soip phlaisteacha srl. a úsáid a thuilleadh. Cuir do chuid gealltanas in airde áit éigin fheiceálach sa scoil ionas go spreagfar daoine eile chun aithris a dhéanamh ort.

**Matamaitic:** Cad a d'fhéadfá a shábháil dá gcuirfeadh an scoil uile an ghníomhaíocht sin i bhfeidhm? Céard faoi do phobal? Nó an tír ina hiomláine?

Féach ár sampla thíos ina léirítear an tionchar mór is féidir a bheith ann mar thoradh ar ghníomhaíocht bheag.

### Úsáid na láithreáin ghréasáin seo!

Faigh amach cén daonra atá i do bhaile, do chathair nó do chontae
www.citypopulation.de

Léigh na Treoracha um Mhaireachtáil Inbhuanaithe ar ár láithreán gréasáin
www.globalactionplan.ie/ take-action/

## GNÍOMHAÍOCHT DIÚLTAIGH do mhálaí plaisteacha!

**DÁ STOPFADH POBAL BHAILE MUNNA AG ÚSÁID MALAÍ PLAISTEACHA D'FHÉADFAIDÍS**
**18 LEORAÍ BRUSCAIR MHÓRA**
**LÁN LE PLAISTEACH A SHÁBHÁIL GACH BLIAIN!***

**DÁ nDIÚLTÓDH GACH DUINE I mBAILE ÁTHA CLIATH DO MHÁLAÍ PLAISTEACHA, D'FHÉADFAIDÍS BREIS IS**
**€38 MILLIÚN A SHÁBHÁIL**

**BA LEOR AN tAIRGEAD SIN LE**
**€10,000 A THABHAIRT**
**DO GACH SCOIL IN ÉIRINN!**

**TÁ LORG CARBÓIN 6KG DE CO² AGUS 2KG D'OLA AG GACH 1KG DE PHLAISTEACH SIN DÍREACH**
**20 BUIDÉAL**
**NÓ 30 MÁLA!**

17-OY-1234

* Bunaithe ar mheánteaghlach in Éirinn (2.7 duine) atá ag ceannach 365 mála plaisteacha in aghaidh na bliana = 8 mála i siopa mór uair sa choicís agus mála amháin gach re lá i siopa áitiúil.

Dá gcuirfeadh Éire cosc ar mhálaí plaisteacha, shábhálfadh an tír, laistigh d'aon bhliain amháin, an méid céanna CO² is a shábhálfaí dá mbainfí 20,000 carr den bhóthar – nó gach carr in Uíbh Fhailí

Tá 13% de phlaisteach fós le fáil sa mheánaraid dhubh in Éirinn!

Má dhéanann tú do phlaisteach a athchúrsáil seachas é a dhó i loisceoir, sábhálfaidh tú a dhá oiread fuinnimh.

### Úsáid roinnt de na fíorais seo chun cabhrú leat do chuid féin a dhéanamh!

**FÍORAS!**

**DÁ gCASFÁ AN SCONNA AS AGUS** D'FHIACLA Á SCUABADH AGAT, D'FHÉADFÁ SUAS LE 10,000 LÍTEAR UISCE A SHÁBHÁIL AGUS 65KG DE CO² IN AGHAIDH NA BLIANA! (GCC)

**TÁIRGEANN 1KG DE PHLAISTEACH** (20 BUIDÉAL NÓ 30 MÁLA) 6KG DE CO² (TIME FOR CHANGE)

**SÁBHÁLANN RÉAM ATHCHÚRSÁILTE NEAMHTHUARTHA** PÁIPÉIR AMHÁIN (500 BILEOG) 100 LÍTEAR UISCE, 20 CILEAVATUAIR FUINNIMH, 7.5KG LAÍON CRAINN AGUS **1.6KG CO²** (IFEU)

CAIBIDIL 4

# Ceartas Domhanda

**Toradh Foghlama OSSP 2.8:** Déan duine amháin agus institiúid amháin a shainaithint, a bhfuil cumhacht acu agus a théann i gcion ar dhaoine, agus mínigh ról an duine agus na hinstitiúide.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 2.6 Déan cúiseanna agus impleachtaí an athraithe aeráide a iniúchadh

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (R10, R3, OL5), Eolaíocht (2.7), Tíreolaíocht (A2(v)), Polaitíocht agus an tSochaí (LC)(3.2).

**Príomhscileanna:** Cumarsáid a dhéanamh: Úsáid focal; Léiriú agus Cur i Láthair. Oibriú le daoine eile: Do chion a dhéanamh le domhan níos fearr a chruthú.

## RÉAMHRÁ:

## IMEARTAS FOCAL

30 nóim

Is mithid duit iniúchadh a dhéanamh ar fhís, cuspóirí agus éiteas do scoile i bhfianaise an Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe nó an Oideachais Forbartha!

### Treoracha

- Smaoinigh siar ar do néal focal um fhorbairt inbhuanaithe (leathanach 7) agus ar na sainmhínithe ar an bhforbairt (leathanach 12), agus cuir babhta smaointe ar siúl chun roinnt focal agus frásaí a aimsiú a bheadh tábhachtach i misean, aidhmeanna nó luachanna do scoile, dar leat.
  - Smaoinigh ar lucht na Chéad Bhliana atá ag tosú sa scoil, cén fáth a bhfuil do scoil speisialta, i do thuairimse?
  - Tabhair leid más gá: eolas faoin domhan, folláine daoine eile agus an phláinéid a bheith ina cúis imní, an cumas chun iniúchadh a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach, tacaíocht don ionchuimsiú agus don éagsúlacht, taithí agus spéis srl.
  - Eochairfhocail: oideachas, comhionannas, ceartas sóisialta, forbairt inbhuanaithe, cearta daonna, domhanda, nuálach, saoránach gníomhach, dáimh, freagrach, riachtanais, gafa, oilte, cultúr, eolas, faigh amach, gairmiúil, gairmréim, forbair, polaitiúil, éagsúlacht, taithí, rannpháirtíocht, gaisce, spreagadh, cruthaitheacht, cur in iúl, muinín... is liosta le háireamh é – faigh amach cé na rudaí a bhfuil meas ag do dhaltaí orthu!
- Bailigh le chéile do ráitis scoile (misean, aidhmeanna agus luachanna) – is féidir teacht orthu sin de ghnáth i do dhialann nó ar láithreán gréasáin na scoile.
- Bris na daltaí suas ina ngrúpaí agus iarr orthu iniúchadh a dhéanamh ar feadh cúpla nóiméad ar na focail a úsáideadh i ngach ráiteas gearr.
- Cuir i gcomparáid iad leis na focal nó frásaí a aimsíodh mar thoradh ar an mbabhta smaointe níos luaithe. An dtagann na focail sin aníos? B'fhéidir go gcabhródh teasáras leo!
- An maith leat fís, cuspóirí agus éiteas do scoile? An bhfuil aon bhearnaí iontu? An dtacaíonn siad leis an ionchuimsiú agus an éagsúlacht? Cén uair a nuashonraíodh go deireanach iad? An mbíonn na daltaí rannpháirteach i bhforbairt ráiteas na scoile, nó an dtéitear i gcomhairle leo?
- Smaoinigh ar dhul chun cainte le Bainistíocht do Scoile faoi chuimsiú an Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe nó an Oideachais Forbartha i ráitis do scoile.

**D'fhéadfá litir a scríobh chucu freisin!**
www.worldwiseschools.ie/de-themes-in-school-mission-vision/

# MIONCHLUICHE:

## MIONCHLUICHE:

15 nóim

### Treoracha

Sula dtosaíonn tú an phríomhghníomhaíocht, déan coincheap na cumhachta a iniúchadh ar feadh 5 – 10 nóiméad. Cad is brí le cumhacht a bheith agat ar, i, chun nó in éineacht le? Tabhair na sainmhínithe do na grúpaí agus lig dóibh iad a phéireáil le coincheap na cumhachta, is é sin, 'Cumhacht in éineacht le' - comhghníomhú, an cumas chun daoine a thabhairt le chéile. Cabhraíonn 'Cumhacht in éineacht le' maidir le caidreamh a chothú idir gach cineál leasa, eispéiris agus eolais, agus baineann sé le hacmhainní agus straitéisí a thabhairt le chéile.

Má tá na daltaí ar a gcompord le hobair choirp, mol dóibh dealbha a dhéanamh díobh féin, a léiríonn na coincheapa difriúla atá ina mbonn leis an 'gcumhacht'.

FÓTACHÓIP

| Léiriú | Cad a chiallaíonn sé i ndáiríre? |
|---|---|
| 'An chumhacht chun' | • Cumas an duine aonair chun gníomhú.<br>• Ina bonn leis sin, tá an tuiscint go bhfuil de chumhacht ag gach duine difear a dhéanamh. |
| 'Cumhacht in éineacht le' | • Comhghníomhú nó cumas daoine oibriú i gcomhar le chéile.<br>• Caidreamh a chothú idir gach cineál leasa agus eispéiris d'fhonn acmhainní agus straitéisí a chomhcheangal le chéile. |
| 'Cumhacht i' | • Meon féinmheasa, fiúntais agus dínite mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa.<br>• Má threisítear an chumhacht laistigh de dhaoine aonair, forbraíonn sin a gcumas, spriocanna níos uaillmhianaí a shamhlú maidir leis an athrú. |
| 'Cumhacht ar' | • Ceannas nó smacht a bheith ag duine, grúpa nó institiúid amháin ar dhuine, grúpa nó institiúid eile. |

**Féach na cartúin thíos le haghaidh léargais agus plé níos doimhne.**
"Expressions of Power" ar láithreán gréasáin Powercube.
http://youtu.be/Eowlsxo4HnE

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

# DRÁMA CUMHACHTA RÓLIMEARTHA

45 nóim

### Treoracha

- Féach ar an bhfíseán tosaigh maidir leis an athrú aeráide thíos.
- Pléigh an chumhacht agus conas is féidir í a úsáid chun brú faoi chois (cumhacht ar), cumasú (cumhachtú i agus cumhachtú chun), nó oibriú mar ghrúpa (cumhacht in éineacht le).
- Chun gníomhú ar mhaithe leis an athrú aeráide a bhaint amach, cén cineál cumhachta/tionchair a bheidh éifeachtach?
- Fiafraigh de do rang cé a mheasann siad a bhfuil tionchar aige/aici inniu i dtaca le feasacht chomhshaoil nó cinnteoireacht faoin athrú aeráide. D'fhéadfadh duine aonair nó institiúid a bheith i gceist.
- Cuir moltaí an ranga leis an liosta páirtithe leasmhara um athrú aeráide thíos agus bris an rang ina ghrúpaí nó péirí oibre beaga, sa chaoi go sannfar do gach grúpa duine aonair amháin nó institiúid amháin a gcaithfidh siad taighde a dhéanamh air nó uirthi.

### Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

– Cé an duine agus cén fáth a bhfuil cumhacht aige/aici nó cén fáth a dtéann sé/sí i gcion ar dhaoine?

– Cén struchtúr atá ag an institiúid agus cén fáth a bhfuil cumhacht aice/a dtéann sí i gcion ar dhaoine?

– An ar bhonn áitiúil, náisiúnta, réigiúnach nó domhanda a bhíonn siad ag feidhmiú?

– Cé hiad lucht spéise sprice an duine aonair/na hinstitiúide?

– Cén leibhéal tionchair atá ag an duine aonair/an institiúid?

– Cén cineál cumhachta atá acu agus conas a úsáideann siad an chumhacht sin chun ceannas a fháil ar dhaoine eile?

– Conas is féidir leis an duine/institiúid seo dul i gcion ar an athrú aeráide go dearfach ná go diúltach?

- Iarr ar gach grúpa ráiteas a ullmhú ar an athrú aeráide ó dhearcadh an duine/na hinstitiúide a sannadh dóibh, machnamh a dhéanamh ar an gcumhacht atá acu agus cén ghníomhaíocht a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar mhaithe leis an athrú aeráide. Is foinse iontach é YouTube i gcomhair aithisc ar an athrú aeráide.
- Le linn an ranga, tabhair cúpla nóiméad do gach grúpa chun a ráiteas faoin athrú aeráide a chur i láthair/a léiriú, agus iad ag díriú ar chumhacht, tionchar, réimse tionchair agus gníomhaíocht an duine nó na hinstitiúide.
- Tar éis do na grúpaí uile a gcur i láthair/léiriú a chríochnú, bíodh seisiún Ceist & Freagra ann ar feadh cúpla nóiméad idir na daoine agus na hinstitiúidí éagsúla.
- Bealach spraíúil le clabhsúr a chur ar an ngníomhaíocht seo ná go ndéanfá féin cinneadh faoi cad a tharlóidh don domhan, bunaithe ar cé aige nó aici a raibh an ráiteas is mealltaí, an chumhacht is mó nó an tionchar is láidre – cén ghníomhaíocht a dhéanfar ó thaobh an athraithe aeráide de (más ann di ar chor ar bith)?

| **Daoine aonair** | **Institiúidí** |
|---|---|
| Wangari Maathai (Buaiteoir Dhuais Nobel) | Greenpeace International |
| Mary Robinson (Iar-Uachtarán na hÉireann) | An Banc Domhanda |
| Donald Trump (Uachtarán SAM) | Na Náisiúin Aontaithe |
| Danny Healy Rae (TD Dáil Éireann) | An tAontas Eorpach |
| Pharrell Williams (Ceoltóir) | Shell |
| Pharrell Williams (COP21 2015) | Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Éireann |

**Breathnaigh ar na físeáin seo!**
"Climate Change is About Power" Cainéal YouTube 350.org. https://youtu.be/m95K7LClIC4
"Climate Change 101 with Bill Nye" ar chainéal YouTube National Geographic.
https://youtu.be/EtW2rrLHs08



# FAIRSINGIÚ:

## GRÚPA CEARTAIS

1 uair







### Treoracha

**Bunaigh Coiste um Shaoránacht Dhomhanda nó Coiste um Cheartas agus Chearta i do scoil.** Téigh chun cainte le grúpaí seanbhunaithe i do scoil agus iarr comhairle uathu faoi conas coiste rathúil a eagrú, agus ansin tosaigh ag earcú! Bí cinnte agus cead a fháil ón bPríomhoide agus cuir an Bord Bainistíochta agus an Cumann Tuismitheoirí ar an eolas faoin ngrúpa nua.

**Féach ar na samplaí iontacha scoileanna seo chun inspioráid a fháil!**
www.worldwiseschools.ie/justice-rights-based-school-group/

### MEARTHREOIR CHOISTE

1. Faigh amach cé aige nó aici a bhfuil suim sa choiste - earcaigh.
2. Iarr ar ghrúpaí seanbhunaithe sa scoil cabhrú leat an coiste a bhunú nó iarr comhairle ar scoil áitiúil eile!
3. Déan an chéad chruinniú a ghairm.
4. Déan bunreacht do choiste nó comhaontú grúpa a dhréachtú, agus cuir ar gach duine é a shíniú.
5. Eagraigh do chéad ghníomh nó imeacht fócais, gheobhaidh tú cabhair leis sin i gcaibidil 8.

CAIBIDIL 5

# AN BHOCHTAINEACHT AGUS AN NEAMHIONANNAS

**Torthaí Foghlama OSSP:** 2.5: Déan iniúchadh ar chás-staidéir nó fianaisí pearsanta daoine atá ag déileáil le bochtaineacht nó neamhionannas i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus cén chaoi a bhfuil siad ag dul i ngleic leis na fadhbanna sin. 2.6: Cuir tuairim fheasach in iúl maidir le bunchúiseanna na bochtaineachta, ar bhonn áitiúil agus domhanda araon.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 3.6 Dean pátrúin forbartha a shainaithint ag leibhéil éagsúla ar fud an domhain, 3.7 Déan comparáidí i ndáil leis an bhforbairt faoi cheannteidil dhifriúla, 3.8 Smaoinigh ar na cineálacha cúnaimh agus cén tionchar a bhíonn acu ar an domhan forbraíochta agus an gá leis an gcúnamh sin, 3.9 Tarraing le chéile an fhoghlaim uile faoin daonra agus faoin bhforbairt dhaonna laistigh den domhandú.

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (OL3, OL5, W2), Tíreolaíocht (C4).

**Príomhscileanna:** Cumarsáid a dhéanamh: Plé agus díospóireacht a dhéanamh. Faisnéis agus smaointe a bhainistiú: Smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn.

## RÉAMHRÁ:

## LÉIM MHÓR, CÉIM BHEAG

45 nóim

Chun tabhairt faoin ngníomhaíocht seo, beidh ort fótachóip a dhéanamh de na fianaisí pearsanta ar leathanaigh 25 agus 26, agus a chinntiú go bhfaigheann gach dalta ceann díobh. Réitigh spás mór i lár do ranga, úsáid an halla más féidir, nó níos fearr fós, úsáid spás lasmuigh má tá sin ar fáil duit go héasca.

### Treoracha

- Beir greim ar lámha a chéile, déan ciorcal mór – scaipigí amach! Dhéanfadh líne cúis freisin.
- Tabhair ceann de na fianaisí pearsanta do gach dalta agus lig dóibh iad a léamh. Más amhlaidh atá an fhianaise chéanna ag roinnt daltaí, ná lig dóibh siúd seasamh in aice le chéile.
- Léigh an chéad ráiteas thíos, agus abair leis na daltaí LÉIM MHÓR chun tosaigh a dhéanamh má aontaíonn siad i gcónaí, céim bheag chun tosaigh má aontaíonn siad uaireanta, gan bogadh ar chor ar bith má aontaíonn siad go hannamh, nó céim a thógáil ar gcúl mura n-aontaíonn siad riamh.
- Déan an próiseas seo arís i gcás na ráiteas atá fágtha,

### Ráitis Phearsanta

Tóg LÉIM MHÓR nó céim bheag chun tosaigh má...

- Tá fáil agat ar uisce óil sábháilte.
- Tá dóthain bia agat le hithe.
- Tá teaghlach sábháilte te agat.
- Tá oideachas foirmiúil agat nó á fháil agat.
- Tá rochtain leordhóthanach agat ar eolas agus cúram sláinte nuair is gá sin.
- Tá comhionannas deiseanna ar fáil duit (maidir le hinscne, aois, gnéasacht, míchumas, cine, eitneacht/cultúr, reiligiún/creidimh srl.)
- Tá d'eolas agus d'acmhainní ag do phobal chun iarmhairtí an athraithe aeráide a sheasamh, mar shampla, tuilte agus triomach.
- Tá tú cumasaithe agus tá smacht agat ar do thodhchaí.
- Feabhsaíonn do shaol gach lá.
- Is féidir leat cabhrú le daoine i do phobal a saol a fheabhsú.

### Ceisteanna Deiridh

Ag an deireadh, cuir ceist ar do dhaltaí conas a mhothaigh siad agus iad ag bogadh chun tosaigh, ag fanacht gan corraí nó ag bogadh ar gcúl.

- Cén dúshláin atá roimh na daoine seo?
- Céard atá á dhéanamh acu chun na dúshláin sin a shárú?
- An mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar an mbochtaineacht nó an neamhionannas, agus má tá, cén chaoi?
- De réir mar a thagann méadú ar an athrú aeráide ar fud an domhain, conas a athróidh do chúinsí?
- Conas a mhothófá dá mbeadh a saol siúd agat?

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
Mura mbeadh ach 100 duine ar domhan, cén chuma a bheadh ar an tsochaí?
http://youtu.be/QFrqTFRy-LU

# FIANAISÍ PEARSANTA BILEOG 1

FÓTACHÓIP

## JACKLINE, AN CHÉINIA

Táim sa dara bliain sa mheánscoil. Bhí ar triúr siblíní de mo chuid an scoil a fhágáil toisc nach rabhthas in ann a dtáillí scoile a íoc. Mí ó shin, d'imigh m'athair agus mo dheartháireacha móra go dtí an contae in aice láimhe, agus na ba in éineacht leo, ar thóir uisce agus féir. Toisc go bhfuil triomach inár bhfo-chontae, ní leor an t-uisce sa pholl tóraíochta a thuilleadh lena úsáid sa bhaile agus do na hainmhithe. An uair dheireanach a bhí báisteach ann ná i mí na Nollag ar feadh seachtaine, agus tá an féar imithe i ndísc ó shin. Nuair a thosaigh mé sa mheánscoil, chláraigh mé leis an gclub talmhaíochta, áit ar fhoghlaim mé faoin bhfeirmeoireacht. Bím ag spreagadh mo dheartháireacha agus mo dheirfiúracha le cabhrú liom, grán buí, pónairí agus glasraí a chur sa ghairdín cistine. Tá áthas an domhain ar mo thuistí. Bíonn an bia á roinnt acu lenár gcomharsana. Táimid tar éis múineadh dár gcairde conas tabhairt faoin bhfeirmeoireacht freisin. Níl aon aibhneacha ann a chabhródh linn ár mbarra a uisciú, ach faighimid uisce ón umar pobail inár sráidbhaile. Díolann mó mháthair glasraí anois ag an margadh agus úsáideann sí an t-airgead chun leabhair agus pinn a cheannach dúinn. Cheannaigh sí uaireadóir domsa freisin mar bhronntanas mar gur chabhraigh mé léi airgead a fháil ó dhíol na nglasraí.

Foinse: Aidlink 2015

## TRACEY, ÉIRE

Is Taistealaí Éireannach mé, agus le linn m'óige, chónaigh mé i gcarbhán i láithreán stad gan aon áiseanna, mar shampla, ní riabh uisce, leithreas ná cith agam. Nuair a thosaigh mé ar scoil, bhí mé ag súil le cairde nua a dhéanamh, ach sula raibh a fhios agam céard a bhí ag tarlú, ní raibh aon chairde agam ar chor ar bith agus mhothaigh mé scoite amach. Le linn am sosa, ní bhíodh aon chairde agam le súgradh leo sa chlós. Bhíodh gach duine ag stánadh orm amhail is gur Eachtrán a bhí ionam. Níor rith sé liom ach go dtí go raibh mé níos sine go raibh leithcheal á dhéanamh orm toisc gur ball mé den lucht taistil. Nuair a bhí an teastas sóisearach idir lámha agam, chuir duine óg de mo mhuintir lámh ina bhás féin. Nuair a d'fhill mé ar scoil, d'iarr duine de na múinteoirí orm, agus í ag siúl tharam sa phasáiste ar scoil, cén fáth a raibh mé as láthair. Shiúl sí ar aghaidh ach ansin chas sí arís agus dúirt liom gur chuma sin mar nach ndéanfainn aon dul chun cinn sa saol ar chaoi ar bith. D'fhág mé an scoil, agus níor chríochnaigh mé an teastas sóisearach mar go raibh lagmhisneach tagtha orm. Táim 28 bliana d'aois inniu agus táim ag dréim le creidmheasanna a ghnóthú, arb ionann iad agus an Ardteistiméireacht. Táim mé an-fhada chun cúil san Oideachas. Agus is rud é sin a ghoilleann go mór orm, mar tá a lán ar mo chumas agus tá neart ar eolas agam freisin. Ach ag deireadh an lae, teastaíonn an píosa páipéir sin uaim. Tá rún agam fostaíocht a bhaint amach, ach tá sé thar a bheith deacair post a fháil i sochaí an lae inniu nuair is ball den lucht taistil tú.

Foinse: Pavee Point 2016

## DANIJEL, MONTAINÉAGRÓ

Rugadh mé in Podgorica, Montainéagró. Nuair a thuig mé mó ghnéasacht den chéad uair, an chéad rud a thug mé faoi deara ná gur thaitin cailíní leis na buachaillí thart orm, ach gur thaitin buachaill liom. Níorbh fhadhb é sin ann fein, ach b'ualach mór é go raibh orm é a choinneáil faoi cheilt. Tar éis dom a rá le mo chairde go raibh mé aerach, dúirt mé le mo mháthair é freisin. Is é sin ba chúis leis an gcéad mhórfhadhb inár gcaidreamh, nuair a rinne sí ionsaí coirp orm. Lá amháin chinn mé an baile a fhágáil agus tús a chur le ré nua i mo shaol. Bhí mé ag bualadh le níos mó agus níos mó daoine a bhí cosúil liomsa. Gach lá, faighim níos mó tacaíochta ó mo chairde don ghníomhaíochas atá ar siúl agam, agus táimid ag smaoineamh ar eagraíocht a chur ar bun a d'fheidhmeodh go díreach ar mhaithe lenár gcearta daonna. Is gá do gach duine áit a bheith acu ina mothaíonn siad sa bhaile. Tá muintir nua agam anois a roghnaigh mise mé féin, a chuimsíonn mo chairde uile agus an fear a bhfuilim i ngrá leis agus atá liom gach nóiméad den lá, agus é réidh le tacú liom agus sólás a thabhairt dom le cabhrú liom déileáil leis an imní a mhúsclaíonn mo chuid oibre ionam.

Foinse: OWPSEE 2013

## INGRID, AN AFRAIC THEAS

Nuair a bhí mé 19, bhínn ag freastal ar an gColáiste fad a bhíodh mo mháthair ag tabhairt aire do mo mhac, a bhí 9 mí d'aois. Bhí ceangal domhain idir mé féin agus mo mhac ar an-chuid bealaí, go háirithe le linn dó a bheith ar mo bhrollach agam. Lá amháin, thosaigh mé ag casacht an-chuid, agus ní raibh goile ar bith agam. Ní raibh mé in ann aird a choimeád ar aon rud. Chuaigh mé chuig an gclinic agus rinneadh tástáil orm le haghaidh VEID agus eitinne. Is galar scamhóige é an eitinn. Bhí faitíos an domhain orm, agus mé ag fanacht dhá lá ar na torthaí, agus tugadh le fios dom ansin go raibh eitinn orm. Bhí a fhios agam go bhféadfaí eitinn a leigheas, mar go raibh eitinn ar mo dheirfiúr agus bhí sí leigheasta tar éis di a cógas a thógáil. Bhí sé níos éasca glacadh leis dá bharr sin. An rud dona faoi ná nach raibh mé in ann leanúint den bheathú cíche do mo mhac. Mura mbeadh stop curtha agam leis, d'fhéadfadh an eitinn a bheith tolgtha aige, nó d'fhéadfadh sé a bheith marbh fiú. Thosaigh mé ag ceannach bainne foirmle dó leis an airgead ón deontas rialtais. D'éirigh linn, ach bhí sé deacair an ceangal domhain céanna a chothú eadrainn. Bhris sin mo chroí. Ag an am, cheap mé gur dhrochmháthair a bhí ionam mar bhí mé ag ceilt ar mo mhac an rud a bhí a fhios agam a theastaigh uaidh. Tá trí bliana imithe thart anois, tá mé leigheasta ar an eitinn agus táim ag fáil níos mó amach faoin ngalar. Cuirim an t-eolas sin ar aghaidh chuig mó mhuintir agus an bpobal, ionas go mbeidh athrú chun feabhais ann.

Foinse: SLF 2013b

# FIANAISÍ PEARSANTA BILEOG 2

FÓTACHÓIP

## SIPHOKAZI, AN AFRAIC THEAS

Bhíodh cónaí orm le mo mháthair, a bhí ina hoibrí tí. Théimis ar an traein chun na hoibre agus na scoile. Bhí mé 14 bliana d'aois nuair a d'éirigh mo mháthair tinn. Ní dúirt sí liom céard a bhí cearr léi. Ansin tháinig duine dá cairde chugam agus dúirt liom go raibh siad ag freastal ar an gClinic le chéile. Bhí sí ina codladh sa leaba agus ní raibh aici ach Lucozade ar feadh ceithre lá. Tháinig na comharsana agus mo mhuintir chun mo mháthair a fheiceáil. Ní raibh a fhios acu cad ba chúis lena tinneas. Bhí siad ag iarraidh ar mo mháthair 'dul chuig an gclinic', ach dhiúltaigh sí dul ann arís. I lár na hoíche chuala mé go raibh pian ghéar ar mo mháthair, saothar anála uirthi agus í ag caoineadh. Dhúisigh mé ar maidin agus bhí mo mháthair ciúin. D'éirigh mé ag an ngnáth-am. Chonaic mé a haghaidh agus thit mé in éadóchas. Chuir mé a ceann ar ais ar an bpiliúr agus chuaigh mé ar scoil. Bhí an dorchadas tite faoin am ar fhill mé ón scoil. Dúirt an chomharsa liom go raibh mo mháthair tar éis bás a fháil. Ní raibh aon duine agam. Mhúin mo mháthair an-chuid rudaí dom agus í beo, ach ní dúirt sí aon rud riamh liom faoin ngalar seo VEID SEIF. Tá trí bliana déag imithe thart agus níl aon rud athraithe le haghaidh páistí cosúil liomsa. Is mairg nach bhfuil duine ar bith a d'fhéadfadh an bealach chun cinn a thaispeáint dóibh agus sólás a thabhairt dóibh. Cur ina luí orthu nach cóir dóibh éirí as agus codladh le daoine toisc nach bhfuil a n-áit féin acu le cónaí ann. Foinse: SLF 2013b

## ANON, AN BHANGLAIDÉIS

Ar scoil, bhíodh na daoine eile sa rang ag magadh faoi mo mhíchumas agus ní dhearna na múinteoirí faic. Chuir mo mhuintir stop le mo chuid staidéir nuair a bhí mé i ngrád 8 mar go raibh siad bocht. Rinne mé iarracht obair mar shaothraí le m'athair ach níor íocadh mé. Bhí tráth ann go raibh náire orm agus gur mhothaigh mé éadóchasach mar nár cheap duine ar bith go raibh ar mo chumas aon obair a dhéanamh. Ansin casadh orm oifigeach ó cheann de na heagraíochtaí forbartha, a chonaic an staid ina raibh mé agus a labhair le príomhoide na scoile le go bhféadfainn staidéar arís. D'éirigh liom i gcúrsa teastais na meánscoile agus táim ag leanúint den staidéar; tá oiliúint faighte agam mar tháilliúir, fuair mé inneall fuála chun siopa táilliúireachta a bhunú agus thosaigh mé gnóthas beag i mo sráidbhaile. Ag an tús, ní raibh daoine sásta ordú a thabhairt dom mar go raibh siad in amhras faoi mo chuid oibre, ach chruthaigh mé go raibh mé cumasach agus le tacaíocht ó dhaoine, d'éirigh liom. Tugadh cúnamh dom chun eagraíocht a chur ar bun a bheadh dírithe ar leas daoine imeallaithe. Is mise anois rúnaí na hEagraíochta Daoine faoi Mhíchumas. Ní ar mhaithe le daoine faoi mhíchumas amháin a bhíonn an eagraíocht ag obair, ach do dhaoine breacaosta agus do bhaintreacha freisin. Mar gheall ar an tacaíocht a fuair mé, tá féiniúlacht nua agam i mo mhuintir féin agus sa tsochaí, agus braithim go bhfuilim i mo dhuine daonna iomlán anois.

Foinse: Is Féidir Linne Athrú a Dhéanamh Freisin 2013

## NANCY, AN CHÉINIA

Dhúisínn gach lá ag 5am agus shiúlainn 9 gciliméadar go dtí an bhunscoil gan aon bhricfeasta. Is cuimhin liom an chéad lá ar tháinig an fhuil mhíosta orm. Is cuimhin liom gur cheap mé go raibh rud éigin nimhiúil ite agam agus go raibh mo bholg ag cur fola. Bhain mé mo gheansaí scoile díom agus cheangail mé é timpeall ar mo choim, agus chinn mé dul chun cainte leis an múinteoir ranga chun cead a fháil dul abhaile. Nuair a tháinig mo dheirfiúr, Margret, abhaile, d'inis mé di cad a bhí tarlaithe. Mhol sise dom píosaí sean-éadaí a úsáid. Le linn na míonna ina dhiaidh sin, d'fhan mé sa bhaile aon uair a tháinig an fhuil mhíosta orm. Nuair a rinne mé na scrúduithe deireadh téarma, thit mé ón 3ú háit sa rang go dtí an 21ú áit. Lá amháin, tháinig cuairteoirí chuig ár scoil ón Líonra Páiste Mná, a dtacaíonn Aidlink leis. Thug siad trí phaicéad pillíní sláintíocha dúinn, chomh maith le trí phéire fo-éadaí. Ní raibh pillín sláintíoch feicthe agam riamh. Bhí áthas an domhain orm agus mhothaigh mé go raibh duine éigin tar éis mo ghuí a fháil. Leanadh de phillíní sláintíocha a chur ar fáil dúinn gach téarma. Dá bharr sin, níor chaill mé mo cheachtanna agus bhí mé in ann díriú i gceart ar m'obair ranga. Tamall dar gcionn, rinne mé an scrúdú cúrsa, Teastas Oideachas Bunscoile na Céinia, agus ghnóthaigh mé 302 marc as 500. Bhain mé an chéad áit amach i rang 19 dalta! Úsáidim mo thaithí chun cabhrú le cailíní i mo shráidbhaile le linn na laethanta saoire.

Tagann siad chugam chun a fháil amach conas pillíní sláintíocha a úsáid. Míním an próiseas aibithe ghnéasaigh dóibh freisin, agus deirim leo gur rud nádúrtha é an fhuil mhíosta.

Foinse: Aidlink 2015

# CÁS-STAIDÉAR:

## BAILE ÁTHA CLIATH – KIGALI

45 nóim




### Treoracha

- Roinn an rang ina cheithre ghrúpa ar leith agus tabhair ceann de na ceithre catagóirí do gach grúpa lena mheas.
- Úsáid an V-Chairt chun iniúchadh domhain a dhéanamh ar na fachtóirí comhshaoil seo.
- Ar thaobh na láimhe clé, tá Baile Átha Cliath: cathair de chuid an Domhain Thuaidh, ar thaobh na láimhe deise, tá Kigali i Ruaindis: cathair de chuid an Domhain Theas. Tá cúinsí comhshaoil difriúla san dá chathair seo, agus úsáideann siad cuir chuige dhifriúla chun dul i ngleic lena bhfadhbanna.
- Is le haghaidh gníomhú éifeachtach atá an spás sa lár; smaoinigh ar ghníomhaíochtaí aonair, scoile, pobail agus náisiúnta a chabhróidh le feabhas a chur ar na cúinsí i ngach catagóir.
- Nuair atá gach grúpa réidh, iarr orthu a ngníomhaíochtaí beartaithe a chur faoi bhráid na ndaoine eile sa rang.
- Tá an ghníomhaíocht seo oiriúnach le haghaidh obair aonair, grúpaí beaga nó mar ghníomhaíocht ranga – ní gá ach V-Chairt mhór a tharraingt ar an gclár bán!

Is iad na 3 catagóirí atá le meas ná Bithéagsúlacht, Giniúint Dramhaíola agus Éifeachtúlacht Fuinnimh. Is féidir leat na cártaí eolais a íoslódáil ónár Láithreán Gréasáin ar www.globalactionplan.ie/education/resources

# FAIRSINGIÚ:

## DÉAN DÍOSPÓIREACHT FAOI!

2 uair




### Treoracha

Eagraigh díospóireacht sa rang faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta.

I dtús báire, iarr ar an rang cad iad bunchúiseanna na bochtaineachta agus déan a bhfreagraí a thaifeadadh. Ansin tabhair bunchúis do gach duine le taighde a dhéanamh uirthi, mar shampla, neamhliteartacht/oideachas, beartais rialtais, cinntí/cumhacht d(h)omhanda, cogadh, athrú aeráide, sláinte.

Tar éis am a bheith tugtha do gach foireann chun ráiteas tosaigh 5 nóiméad a ullmhú agus a chur i láthair ina míníonn siad cén fáth a bhfuil a dtopaic ina bunchúis leis an mbochtaineacht, ceadaigh cúpla nóiméad le haghaidh ceisteanna agus freagraí.

Ag deireadh an ranga, tabhair vóta amháin do gach dalta (ní féidir leo vóta a thabhairt dóibh féin!) le gur féidir leo a roghnú cén fhoireann a rinne an argóint is fearr faoi bhunchúis na bochtaineachta, dar leo. Ansin beidh coimhlint ghéar sa chéad rang eile idir an chéad dá fhoireann ar éirigh leo, go gcinnfear an buaiteoir iomlán!

Is féidir leat cártaí le haghaidh gach ceann de na bunchúiseanna a íoslódáil ónár láithreán gréasáin www.globalactionplan.ie/education/resources

**Gníomhaíocht**
Cad chuige nach nglacfá páirt i nDíospóireachtaí Concern?
www.concern.net/get-involved-debates

**FÍORAS!**

**MAIREANN BEAGNACH 50% DE NA DAOINE AR AN bPLÁINÉAD SEO AR NÍOS LÚ NÁ €2.50 IN AGHAIDH AN LAE.**

AN bhFÉADFADH DO SCOIL IOMLÁN TABHAIRT FAOI GHNÍOMHAÍOCHT AMHÁIN I gCOMHAR LE CHÉILE?

BAIN TRIAIL AS AN DÚSHLÁN **#POVERTYBOX #SDGCHALLENGE** AGUS FÉACH AN FÉIDIR LEAT MAIREACHTÁIL AR €2 AMHÁIN IN AGHAIDH AN LAE AR FEADH SEACHTAIN IOMLÁN!

# CAIRT

FÓTACHÓIP

| Gníomhaíocht Aonair | Gníomhaíocht Scoile |
| --- | --- |
| Gníomhaíocht Pobail | Gníomhaíocht Náisiúnta |

CÁS-STAIDÉAR: BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE

CÁS-STAIDÉAR: KIGALI, RUANDA

CAIBIDIL 6

# AN tATHRÚ AERÁIDE

**Toradh Foghlama OSSP:** 2.4: Pléigh ar a laghad trí straitéis um mhaireachtáil inbhuanaithe leo, ar féidir leo iad a ghlacadh ina saol féin. 2.10: Déan measúnú ar an gcaoi ar féidir leo a gcion féin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amháin atá roimh an domhan faoi láthair.

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (OL4, OL8, OL9, W3), Eolaíocht (2.7), Tíreolaíocht (A2)

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 2.6 Déan iniúchadh ar chúiseanna agus impleachtaí an athraithe aeráide, 1.6 Na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar aeráid na hÉireann agus an chaoi a bhfuil an aeráid ag athrú ar fud an domhain.

**Príomhscileanna:** Faisnéis agus smaointe a bhainistiú: Rochtain, bainistiú agus roinnt ar bhonn na teicneolaíochta digití. A bheith cruthaitheach: Foghlaim go cruthaitheach.

## RÉAMHRÁ:

### Treoracha

Amharc ar an bhfíseán seo mar réamhrá agus éascaigh plé ar an Athrú Aeráide:

"NASA Releases Time-Lapse Video Of Depleting Arctic Ice Cap" ar chainéal YouTube Boom. https://youtu.be/qHE0n5c6-6g

Cuir na ceisteanna seo a leanas san áireamh agus an t-athrú aeráide á mhíniú agat do do dhaltaí:

– Céard a tharla?

– Cén iarmhairtí a bheidh aige sin ar scála áitiúil, náisiúnta agus domhanda?

– Cén údair atá leis an athrú ollmhór atá tagtha ar an aeráid le tamall de bhlianta anuas?



Foinse: kwest/shutterstock.com

## CLUICHE FÍORAS AERÁIDE! 30 nóim

### Treoracha

- Cuir na ceisteanna seo a leanas ar an rang agus ansin amharc ar an bhfíseán faoin athrú aeráide.
  - – Cad is eol duit faoin athrú aeráide?
  - – Dá mbeadh an t-athrú aeráide á mhíniú agat do shiblín níos óige, cad a déarfá?
  - – Cén iarmhairtí diúltacha atá romhainn amach mar thoradh ar an athrú aeráide?
  - – Conas a rachaidh an t-athrú aeráide i gcion ar ár dtodhchaí?
- Gearr amach an tábla ar leathanach 30 agus déan fótachóip de, measc suas na fíorais aeráide agus tabhair leath de gach fíoras do gach dalta.
- Abair leis na daltaí bogadh thart ar an seomra chun an leath eile dá bhfíoras a aimsiú. LEID: An bhfuil tús nó deireadh abairte acu?
- A luaithe atá a bpéire aimsithe ag na daltaí, abair le gach péire a fíoras a chur faoi bhráid an ranga.
- Fiafraigh den rang cé acu an raibh nó nach raibh an fíoras sin ar eolas acu cheana agus conas a mhothaigh siad faoi, m.sh. ar baineadh siar astu, an raibh siad gan iontas faoi, arbh údar imní dóibh é, an raibh spéis acu ann?
- Lean ort go mbeidh péire aimsithe do gach ceann den 15 fhíoras.

**Amharc ar an bhfíseán seo!**
"Climate change explained" ar chainéal YouTube Trócaire. http://youtu.be/Eowlsxo4HnE

# FÍORAIS FAOIN ATHRÚ AERÁIDE! BILEOG 1


FÓTACHÓIP

| | |
|---|---|
| **Is éard atá i gceist leis an athrú aeráide athruithe fadtéarmacha ar an teocht, an bháisteach agus an ghaoth mar gheall ar...** | **...thiús méadaithe gás ceaptha teasa san atmaisféar.** (Foinse: Met Office UK) |
| **Mar gheall ar ghníomhaíochtaí daonna amhail an talmhaíocht, dó breoslaí iontaise le haghaidh fuinnimh, an t-iompar agus an téamh...** | **...tá gáis cheaptha teasa amhail dé-ocsaíd charbóin agus meatán ag carnadh san atmaisféar.** (Foinse: Ask About Ireland) |
| **Mar thoradh ar an athrú aeráide...** | **...sháraigh teocht an Domhain gach curiarracht don 3úbliain as a chéile in 2016.** (Foinse: Met Éireann) |
| **Tá méadú beagnach 1°C...** | **... tagtha ar theocht Éireann idir 1890 agus 2013.** (Foinse: The Guardian) |
| **Meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na maidhmeanna tuile in Éireann...** | **...agus go mbeidh níos mó báistí sa gheimhreadh de bharr an athraithe aeráide.** (Foinse: Met Éireann) |
| **Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa Éireann ar na cinn is airde...** | **...in aghaidh an duine atá ag aon tír san AE.** (Foinse: (GCC) |
| **Is ag na tíortha is boichte ar domhan a bhíonn na hastaíochtaí is ísle go minic...** | **...ach is iad is mó a fhulaingíonn uaireanta de bharr thionchar an athraithe aeráide.** (Foinse: The Guardian) |
| **Tá méadú faoi thrí tagtha ar thubaistí aimsire nádúrtha ó bhí na seascaidí ann, agus dá bharr sin...** | **...bíonn 60,000 bás ann in aghaidh na bliana, a dtarlaíonn an chuid is mó díobh i dtíortha forbraíochta nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu le freagairt don tubaiste.** (Foinse: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte) |

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

## CRANN FADHBANNA RÉITEACH

45 nóim



### Treoracha

• Déan do rang a dheighilt ina ghrúpaí oibre.

• Tabhair cóip den chrann fadhbanna & réiteach ó leathanach 32 do gach grúpa.

• Iarr ar na grúpaí an teimpléad crainn a úsáid chun an fhadhb is bonn leis an athrú aeráide a shainaithint agus a phlé, lena n-áirítear na rudaí is cúis léi, na hiarmhairtí a bhaineann léi agus na réitigh ar an bhfadhb.

– Is é an t-athrú aeráide STOC na faidhbe
– Déan cuid de chúiseanna FRÉIMHE an athraithe aeráide a shainaithint
– Ainmnigh tionchar nó iarmhairtí éigin atá ina nGÉAGA den bhunchúis
– An féidir leat smaoineamh ar aon réitigh DHUILLEACHA?

• Mar shampla: is é an t-athrú aeráide mo STOC ó thaobh na faidhbe de, is é an t-iompar ceann de na cúiseanna FRÉIMHE, cuid de na rudaí atá ina nGÉAGA den iompar ná dó breoslaí iontaise agus astaíochtaí gás ceaptha teasa san atmaisféar, agus ar na réitigh DHUILLEACHA atá ann, d'fhéadfaí foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tionscal iompair a mhéadú (is é sin, carranna, busanna agus trucailí leictreacha) nó infheistíocht a dhéanamh i gcóras iompair phoiblí bunaithe ar an bhfuinneamh in-athnuaite nó cáin níos airde a ghearradh ar dhó breoslaí iontaise le haghaidh an iompair.

---

# FAIRSINGIÚ:

## BÍ FEASACH

1 uair

**Amharc ar fhíseáin spreagúla agus déan machnamh orthu. Féach ár samplaí thíos agus tabhair le fios dúinn trí @ GlobalActionPlanIreland ar facebook nó @ gapireland ar twitter céard a cheap tú fúthu nó faoi aon aithisc iontacha eile atá aimsithe agat.**

### Éist leis na haithisc seo

Severn Cullis-Suzuki ag Cruinniú Mullaigh Rio 1992 ar an gcainéal YouTube We Canada: http://youtu.be/oJJGuIZVfLM

Children call the UN for a common fight for their future - Felix Finkbeiner ag labhairt in 2011 ar an gcainéal YouTube Plant-for-the-Planet: http://youtu.be/tGLtkbaeupI

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

### Gníomhú ar mhaithe leis an athrú aeráide

An bhfuil aon reachtaíocht Éireannach atá ina cúis imní duit nó aon fhadhb chomhshaoil nach bhfuiltear ag déileáil léi go héifeachtach in Éirinn, dar leat? Breathnaigh ar Green News chun inspioráid suas chun dáta a fháil.

Seol litir chuig d'údarás áitiúil, comhairleoir nó TD agus cuir do thuairim faoi bhráid an tsaoil! Cad ba mhaith leat go ndéanfaidís faoin athrú aeráide?! Bí cinnte agus d'ainm agus seoladh scoile a chuimsiú ionas gur féidir leo freagra a thabhairt ar do chúiseanna imní.


Úsáid ár dteimpléad cárta poist ar leathanach 33 nó cruthaigh do cheann féin. Aimsigh do TD áitiúil agus a s(h)onraí teagmhála ar an láithreán gréasáin thíos.

### Úsáid na láithreáin ghréasáin thíos chun tú féin a chur ar an eolas!

www.greennews.ie
www.whoismytd.com

# CRANN FADHBANNA AGUS RÉITEACH

FÓTACHÓIP



# CÁRTA POIST UM AN ATHRÚ AERÁIDE!

FÓTACHÓIP

TABHAIR
AN tATHRÚ
AERÁIDE
I dTREIS



TOSACH

IS Í MO GHLÚIN-SE A GHEOBHAIDH AN DOMHAN MAR OIDHREACHT.

IS MIAN LIOM GO MBEIDH AN tATHRÚ AERÁIDE AR CHLÁR OIBRE AN RIALTAIS.

CUIR STAMPA ANSEO

DON SEOLADH AMHÁIN:

CÚL

CAIBIDIL 7

# PLEANÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA

**Toradh Foghlama OSSP: 2.9:** déan fadhb nó dúshlán domhanda amháin a anailísiú faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh féideartha.

**Naisc thraschuraclaim:** Tíreolaíocht (B1), Béarla (R3), Corpoideachas.

**Torthaí Foghlama na Tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach:** 3.6 Pátrúin forbartha a shainaithint ag leibhéil áirithe timpeall an domhain, 3.1 agus 3.3 Forbairt daonraí agus na fachtóirí is cúis leis an athrú sin.

**Príomhscileanna:** Cumarsáid a dhéanamh: Léiriú agus cur i láthair. Faisnéis agus smaointe a bhainistiú: Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas.

6 UISCE GLAN AGUS SLÁINTÍOCHT

## RÉAMHRÁ:

## MAPÁIL AN SCONNA

45 nóim

### Treoracha

- Iarr ar an rang cén chiall a bhainfidís as rochtain ar uisce óil glan sábháilte, cén difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ó thír amháin go dtí tír eile.
- Mol dóibh smaoineamh ar aon ghrúpaí nó daoine aonair in Éirinn a bhféadfadh nach bhfuil rochtain acu ar uisce óil glan sábháilte.
- Bris iad suas ina ngrúpaí de 4-6.
- Bain úsáid as léarscáil mhór nó an léarscáil ar leathanach 35 chun raon tíortha éagsúla a aimsiú, agus faigh amach, i gcás gach ceann de na tíortha a roghnaigh tú, cén daonra a bhaineann leo agus cén céatadán rochtana ar uisce atá i gceist iontu. Tá roinnt samplaí ar fáil ar an leathanach dár gcionn. Déan iarracht ilchríocha éagsúla, tíortha móra agus tíortha beaga, tíortha sa Domhan Thuaidh agus sa Domhan Theas srl. a chur san áireamh.
- Cruthaigh eochair eolais ar an léarscáil ionas gur féidir le daoine an daonra agus an céatadán rochtana ar uisce óil glan a shainaithint i ngach tír.
- Déan taighde breise ar thír roghnaithe amháin agus féach an féidir leat a fháil amach an bhfuil meascán cúiseanna ann le rochtain níos airde nó níos ísle ar uisce a bheith sa tír sin, mar shampla: céim na forbartha, acmhainní, bochtaineacht, daonra, teagmhais aimsire fhoircneacha, éilliú mar thoradh ar dhramhaíl, rith chun srutha talmhaíochta, rith chun srutha dromchla, láisteáit tionscail, dífhoraoisiú srl.



# MAPÁIL AN SCONNA

| Tír | Daonra (An Banc Domhanda, 2015) | % fáil ar uisce óil (EDS, 2015) | Cúis féideartha le fáil ar uisce |
|---|---|---|---|
| Angóla | 25.02 milliún | 49.0 | |
| An tSúdáin Theas | 12.34 milliún | 58.7 | |
| An Chéinia | 46.05 milliún | 63.2 | |
| An Ailgéir | 39.67 milliún | 83.6 | |
| An Afganastáin | 32.53 milliún | 55.3 | |
| An Chambóid | 15.58 milliún | 75.5 | |
| An tSín | 1,371.22 milliún | 95.5 | |

| Tír | Daonra (An Banc Domhanda, 2015) | % fáil ar uisce óil (EDS, 2015) | Cúis féideartha le fáil ar uisce |
|---|---|---|---|
| An India | 1,311.05 milliún | 94.1 | |
| SAM | 321.42 milliún | 99.2 | |
| Háítí | 10.71 milliún | 57.7 | |
| Hondúras | 8.08 milliún | 91.2 | |
| Cúba | 11.39 milliún | 94.9 | |
| Éire | 4.64 milliún | 97.9 | |
| An Ghearmáin | 81.41 milliún | 100.0 | |
| An Fhrainc | 66.81 milliún | 100.0 | |
| An Mholdóiv | 3.55 milliún | 88.4 | |

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

## CÁS-STAIDÉAR AR HONDÚRAS

60 nóim

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

Trócaire

Is cóiriú é an cás-staidéar seo ar Fheachtas Carghais Trócaire, 2017

### Iniúchadh Tosaigh

- Iarr ar do dhaltaí ar chuala siad riamh faoi Hondúras.
- Cén chuid den domhan ina bhfuil sé, dar leo?
- Aimsigh é ar léarscáil.
- Anois féach ar an léarscáil de Cortes ar leathanach 38 – molaimid leagan mór daite a chur in airde ar an teilgeoir.
- Aimsigh limistéar de thalamh ard.
- Anois aimsigh limistéar de thalamh íseal.
- Cé mhéad limistéar cónaithe is féidir leat a fheiceáil?
- Cá bhfuil na haibhneacha ar an léarscáil?
- Cén limistéar atá á chosaint ag na bearta cosanta tuilte?

Bris na daltaí suas ina bpéirí agus iarr ar gach péire cinneadh le chéile cá háit ar mhaith leo cónaí – ní mór dóibh ceann de na limistéir chónaithe a roghnú. Tabhair nóiméad amháin do gach péire chun an rogha a rinne siad a chosaint agus í a chur faoi bhráid an ranga.

## CORTES

Tá an léarscáil den bhaile ficseanúil Cortes ar leathanach 38 bunaithe ar limistéar uirbeach iarbhír i Hondúras thuaidh, a mbíonn drochthionchar dona ag tuilte air. Tá cúig phríomhcheantar cónaithe sa limistéar sin (is é sin, tithe) ar leibhéil éagsúla saibhris, mar aon le cuid mhaith criosanna tionscail (is é sin monarchana), mar aon le lárcheantar gnó. Tá lear mór tréithe fisiciúla nádúrtha ag baint leis an limistéar freisin, a chuimsíonn trí abhainn, speireacha sléibhe (limistéir talún atá ar fána ó thalamh ard go talamh íseal) ag brú isteach ar thaobh thiar an bhaile, agus limistéir ardaithe eile atá curtha in iúl ag comhrianta scáthlínithe ar an léarscáil. Ar na gnéithe suntasacha eile tá bearta cosanta ar thuilte i bhfeidhm, chomh maith le bóithre agus gnéithe eile de dhéantús an duine, amhail stáisiún peitril agus eaglais.

Baineadh an clúdach foraoise nádúrtha de chuid de na limistéir ardtalún san iarthar agus cuireadh pailm Afracach agus plandálacha banana agus cacó ina áit.

Léigh faoi mhaolú an riosca tubaiste i gcás-staidéar 2016 Trócaire ar Hondúras agus ansin freagair na ceisteanna deiridh ina dhiaidh sin ar leathanach 37.

### Maolú an Riosca Tubaiste

Is é aidhm Mhaolú an Riosca Tubaiste (MRT) ná an damáiste a dhéanann guaiseacha nádúrtha amhail crith talún, tuilte, triomach agus hairicíní a laghdú, agus chun an méid sin a bhaint amach, tuiscint a éascú faoi na contúirtí atá roimh phobal agus bearta a chur i bhfeidhm chun neamhchosaint ar na contúirtí sin a mhaolú, mar shampla, bearta cosanta tuilte, bealaí éalaithe agus próisis aslonnaithe eile. I Hondúras agus i dtíortha eile ar fud an domhain, bíonn Trócaire ag obair i gcomhar le



**Canáil aslonnaithe i bpobal cósta Cuyamel in Omoa, Hondúras. Úsáidtear an chanáil seo chun áitritheoirí a aslonnú go dtí áit shlán má tharlaíonn tuilte agus má ardaíonn leibhéal na farraige dá bharr.** Grianghraf: Santiago Agra Bermejo, Trócaire.

heagraíochtaí comhpháirtíochta áitiúla eile chun tacú le daoine áitiúla agus iad ag iarraidh Córais MRT a chur i bhfeidhm chun déileáil le hiarmhairtí an athraithe aeráide agus na rioscaí bainteacha.

Ó thaobh thionchar an athraithe aeráide de, is é Hondúras ceann de na tíortha is íogaire ar domhan. Bíonn tionchar ag triomach, tuilte, leibhéil farraige atá ag ardú, agus teagmhais aimsire fhoircneacha eile ar áiteanna éagsúla i Hondúras, agus is minic a bhíonn ar dhaoine áitiúla dul i ngleic leis na mórfhadhbanna sin in éagmais acmhainní agus tacaíocht leordhóthanach ón rialtas áitiúil nó náisiúnta. Is iondúil gurb iad eagraíochtaí áitiúla a sheasann sa bhearna chun dul i ngleic le heasnamh seo an rialtais.

Na bearta is fearr ar fad chun MRT a chinntiú, cuirfidh siad daoine áitiúla san áireamh; úsáidfear a n-eolas áitiúil agus tarraingeofar aird ar an staid áitiúil. Is ag na daoine sna ceantair áitiúla, iad siúd is mó atá buailte ag iarmhairtí an athraithe aeráide, atá an cur amach is fearr faoi conas an riosca a mhaolú.

# BILEOG EOLAIS CORTES

FÓTACHÓIP

I gceantar Cortes i dtuaisceart Hondúras, tá roinnt mhaith seirbhísí éigeandála, chomh maith le heagraíochtaí míleata agus sibhialta. Tá bunáit de chuid an airm suite thart ar fiche ciliméadar lastuaidh den bhaile. Bíonn thart ar dhá chéad caoga trúpa lonnaithe ann i gcónaí, agus meascán d'aonaid tacaíochta freisin, lena n-áirítear grúpa beag innealtóirí.

I mbaile Cortes féin, tá stáisiún póilíní ina bhfuil thart ar fiche cúig oifigeach lánaimseartha agus deich n-oifigeach páirtaimseartha. In aice leis an stáisiún póilíní, tá stáisiún dóiteáin ina bhfuil tríocha comhraiceoir dóiteáin a fhreagraíonn do ghlaonna, ach níl ach cúigear ann ar bhonn lánaimseartha, agus uaireanta ní bhíonn ach ball foirne amháin sa stáisiún. Tá ospidéal beag in Cortes, ach níl aon rannóg éigeandála. Tá an rannóg éigeandála is gaire suite 15 km ó dheas i bpríomhchathair an réigiúin.

Tá dhá phríomhchrios tionscail in Cortes. Sa limistéar tionscail ó thuaidh, tá thart ar deich ghnóthas mheánmhéide, lena n-áirítear monarcha brioscán, scaglann ola pailme, agus iosta na cuideachta bus áitiúla.

Oibríonn siadsan busanna idir Cortes agus cuid mhaith bailte agus cathracha áitiúla, lena n-áirítear príomhchathair an réigiúin. Tá an méid céanna gnóthas sa lárchrios tionscail, lena n-áirítear iosta stórála do chuideachta pheitril, monarcha troscáin, iosta réigiúnach do chuideachta tarlaithe, agus clólann.

Tá roinnt mhaith foirgneamh pobail scaipthe ar fud Cortes, agus ceann amháin ar a laghad i ngach crios cónaithe. Úsáideann an coiste éigeandála áitiúil (CODEL) na foirgnimh sin ar bhonnn rialta le haghaidh cruinnithe, agus is amhlaidh don choiste uisce áitiúil freisin. Tacaíonn comhpháirtí áitiúil Trócaire, CASM, le CODEL agus an coiste uisce araon.

Tá go leor eaglaisí Caitliceacha agus Protastúnacha le fáil ar fud an bhaile. I gcriosanna 1 agus 4, tá eaglais Chaitliceach agus eaglais Phrotastúnach, agus tá ardeaglais Chaitliceach bheag agus teach easpaig suite gar do chrios 5. Tá gach pobal eaglaise sásta cabhrú leis na pobail bhochta leochaileacha in Cortes, agus tá dlúthbhaint ag comhpháirtí Trócaire, CASM, leis an bpobal Meinniníteach áitiúil.

### Ceisteanna Deiridh

1. Cad dó a seasann MRT?
2. An féidir leat smaoineamh ar shampla áitiúil in Éirinn ina bhféadfaí leas a bhaint as córas MRT?
3. Sceith an abhainn thar a bruacha!!! I ngrúpaí de 4, pleanáil do bhealach éalaithe ón gcrios cónaithe a roghnaigh tú ag tús na gníomhaíochta seo. Leid: fan amach ó limistéir ina bhfuil ardriosca agus bí ag faire amach le haghaidh áiseanna áitiúla a d'fhéadfadh cabhrú leat aslonnú le linn tuilte!

### Déan Iniúchadh Breise ar MRT


Faigh amach níos mó faoi mhapáil riosca, liostú áiseanna, pleananna aslonnaithe agus cur chun cinn tionscadal i bPaca Acmhainní MRT Trócaire 2016. www.trocaire.org/education/lent2017/ post-primary

Cén fáth ngach gcuirfeá isteach ar an nGradam Domhain Chóir? www.trocaire.org/jwa



# LÉARSCÁIL DE CORTES

FÓTACHÓIP






## FAIRSINGIÚ:

# SIÚIL LE HAGHAIDH UISCE!

2 uair

STUDENT CAPACITY & ENGAGEMENT

RESPECTFUL RELATIONSHIPS

**CORPOIDEACHAS:** Is é an meánfad a shiúlann mná agus páistí le haghaidh uisce san Afraic agus san Áise ná 6 chiliméadar (3.7 míle).

D'fhéadfá siúlóid a eagrú chun dlúthpháirtíocht le muintir an Domhain Theas a chur in iúl, agus iarracht a dhéanamh a oiread uisce a iompar agus is féidir; ní fada go dtuigfidh tú cé chomh trom is atá sé.

Bí páirteach i dtionscnamh 'Siúil le haghaidh Uisce' Aidlink nó cláraigh do rang inniu le Water Explorer chun tús a chur leis an Misean Uisce Domhanda.

water EXPLORER

**Naisc láithreáin gréasáin chuig cláir iontacha!**

www.aidlink.ie/walk-for-water-2014/
www.waterexplorer.ie

# CAIBIDIL 8 FEACHTAIS

**Toradh Foghlama OSSP 2.11:** déan scrúdú ar fheachtas ar son athraithe sa réimse inbhuanaitheachta agus déan measúnú ar na fáthanna ar éirigh leis nó nár éirigh leis.

**Naisc thraschuraclaim:** Béarla (R3), Eolaíocht (1.9), Polaitíocht agus an tSochaí (LC)(3.1; 3.4)

**Príomhscileanna:** A bheith cruthaitheach: Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú. Cumarsáid a dhéanamh: Léiriú agus cur i láthair.

## RÉAMHRÁ:

## BORRADH NÓ CLISEADH FEACHTAIS?

45 nóim

An féidir leat smaoineamh ar aon fheachtais reatha nó feachtais a eagraíodh roimhe seo ar éirigh leo? D'fhéadfadh an feachtas a bheith ina éacht aon lae, ina bhaghcat bliana nó ina ghluaiseacht a mhaireann deich mbliana. Tá fáilte romhat féachaint ar fheachtais áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Bris isteach i ngrúpaí agus déan grinnstaidéar ar fheachtas, agus na ceisteanna seo a leanas á scrúdú agat:

- Cén fáth a raibh gá le feachtas?
- Cérbh é an sprioc fhoriomlán?
- Cén straitéis a bhí acu agus cén teaicticí/uirlisí a d'úsáid siad?
- Cé air a bhfuil an feachtas dírithe?
- An ndeachaigh siad chun cainte leis an daoine nó institiúidí a bhfuil de chumhacht acu, athruithe a spreagadh?
- Cé na bealaí ar úsáid siad na meáin agus an phoiblíocht?
- Cad atá bainte amach acu go dtí seo?
- Cad atá fágtha le cur i gcrích agus conas is féidir leo a n-aidhmeanna a bhaint amach ina n-iomláine?
- Cá bhfuair siad a maoiniú?
- Cén buiséad a bhí acu agus ar úsáid siad é go héifeachtach?

Cuir torthaí do ghrúpa in iúl don rang agus déan seisiún gearr Ceist & Freagra. De rogha air sin, d'fhéadfá an dá fheachtas mara ar an leathanach dár gcionn a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile

### Feachtais Mhara

**Cuireadh an Glantachán Aigéan** (Ocean Cleanup) ar bun in 2013 agus is é an aidhm a bhí leis ná ár n-aigéin a ghlanadh. Faoi láthair, tá breis is 5 thrilliún píosa plaistigh ina gciseach san aigéan, agus d'fhéadfadh sin an fiadhúlra muirí a mharú. Ceann de na limistéar is mó a bhfuil truailliú ann ná áit ar a nglaoitear paiste dramhaíola an Aigéin Chiúin, a shíneann ó chósta thiar Mheiriceá Thuaidh chomh fada leis an tSeapáin! Ceapann éisc agus ainmhithe uisceacha eile gur bia atá sa phlaisteach, agus tá baol tachta agus baol bolg lán plaistigh ann dóibh dá bharr.
Roimhe seo, is é a bhí i gceist le glantachán aigéan ná longa móra a chur amach ar thóir píosaí plaistigh. Leis an modh sin a thabhairt chun críche, bheadh na mílte bliain agus tonnaí d'astaíochtaí $CO_2$ ó na longa i gceist. Foireann thart ar 50 atá gafa leis an nGlantachán Aigéan, agus tríd an modh atá á fhorbairt acu, ní thógfaidh sé ach tríocha bliain nó mar sin chun ár n-aigéin a ghlanadh . Is é an bunsmaoineamh ná sruthanna an aigéin a úsáid chun an plaisteach a iompar chuig pointe bailithe. Baineann an Glantachán Aigéan leas as sciatha soladacha, atá in ann plaisteach ar snámh a ghabháil ach a ligeann d'fhiadhúlra mara snámh thart faoi bhun na scéithe.

Is trí thabhartais amháin atá an fhondúireacht maoinithe, agus in 2015, fuair siad tabhartais airgid agus tabhartais chomhchineáil arbh fhiú breis is €3 mhilliún iad. Úsáideadh an t-airgead sin i gcomhair 'Taighde ar Phlaisteach san Aigéan' (€1.5 milliún); Tástáil mionsamhla de réir scála (€500,000); Forbairt coincheapa (€300,000) mar aon le samhlú, fréamhshamhail a thógáil agus an tionscadal a thástáil ar bhonn píolótach.
Faoi 2020, meastar go mbeidh 7.25 milliún tona plaistigh ar féidir é a bhaint, i leibhéil uachtair an aigéin amháin. Tá an glantachán le seoladh in 2020, agus táthar ag súil go nglanfar leath den phaiste laistigh de 10 mbliain. Cé go bhfuil baint ag an nGlantachán Aigéan le feasacht a ardú faoi fhadhb an truaillithe, go háirithe i dtéarmaí airgead a thiomsú chun leanúint den obair, is é a phríomhaidhm ná bonneagar a thógáil a thacóidh le glanadh ár bhfarraigí.

THE OCEAN CLEANUP




**Léigh tuilleadh faoin nGlantachán Aigéan!**
www.theoceancleanup.com/about/
http://youtu.be/ROW9F-c0kIQ

---

**Bunaíodh Surfers Against Sewage** (SAS) in 1990, agus cáilíocht uisce níos fearr sa Ríocht Aontaithe á héileamh acu, faoi láthair tá 11 foireann acu agus 112 ionadaí.
Tá ár n-aigéin i mbaol de shíor ó éilliú camrais, truailliú idirleata ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta, bruscar muirí, agus éilliú ó cheimiceáin nimhiúla agus athrú aeráide. Cé go gceapfá óna n-ainm gur ag troid i gcoinne éilliú camrais atá siad, is cúis imní do SAS rudaí eile seachas cáilíocht an uisce de bharr éilliú camrais. Tá neart feachtas idir lámha acu chun troid in aghaidh fadhbanna tromchúiseacha an bhruscair mhuirí, an athraithe aeráide agus na forbartha cósta. Is ar dhá ghné atá na feachtais sin dírithe, is é sin, feasacht a ardú ar na fadhbanna sin tríd an oideachas agus na meáin shóisialta, agus feachtais 'tionchar trí ghníomhaíochtaí' a thionscnamh, amhail glantacháin trá phobail. Bíonn SAS ag obair i gcomhar leis an Rialtas freisin chun cósta na Ríochta Aontaithe a chosaint tríd an 'nGrúpa Parlaiminte Uile-Pháirtí Cosain ár dTonnta'. In 2016, bhailigh breis is 19,400 oibrí deonacha níos mó ná 64 tona bruscair mhuirí ó thránna na Ríochta Aontaithe. Tá éirithe go geal le SAS feasacht daoine a ardú faoin bhfadhb; anuraidh mar shampla, thug siad cuairt ar 161 scoil agus rinne siad 711 cainteanna oideachais comhshaoil.

SURFERS AGAINST SEWAGE



Faoi láthair, tá 23 Comhalta i nGrúpa Parlaiminte SAS. Ba iad Surfers Against Sewage, i gcomhar leis an gcomhghuaillíocht 'Break the Bag Habit', a chuaigh i mbun feachtais ar son cáin ar mhálaí plaisteacha i Sasana, agus ar deireadh, bhí laghdú 85% ar úsáid málaí plaisteacha mar thoradh air sin.
Faigheann SAS maoiniú ó mheascán de shíntiúis chomhaltais, tabhartais airgid, deontais, díol earraí, imeachtaí tiomsaithe airgid a dhéanann a lucht tacaíochta, agus urraíocht i gcomhair tionscadal. In 2015, fuair SAS ioncam bliantúil iomlán de £943,000, agus chaith siad £909,000.
Caitheadh £852,000 de sin ar ghníomhaíochtaí carthanachta, úsáideadh £48,000 le haghaidh margaíochta agus sannadh £8,500 don riarachán.

**Léigh tuilleadh faoi fheachtais chosúla!**
http://cleancoasts.org/
https://www.foe.ie/sickofplastic/

**Féach ar a bhfuil bainte amach cheana ag scoileanna in Éirinn!**
https://www.rte.ie/news/newslens/2018/0322/949287-dublin-school-plastic/

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT:

# TÓG FEACHTAS GNÍOMHAÍOCHTA

2 uair

Ós rud é go bhfuil tú tar éis do bhealach a dhéanamh tríd an tsraith uirlisí seo anois, tá sé in am duit do shaoránaigh gníomhacha domhanda a chumasú le bheith mar cheannairí ar a bhfeachtais féin. Úsáid an Teimpléad Meabhairmhapála ar leathanach 43 chun babhta smaointe a chur ar siúl sa rang, agus ansin bain leas as an Uirlis Mhaitríse Pleanála Gnímh chun a chinneadh cén smaointe atá fiúntach agus indéanta ar bhonn an ama agus na n-acmhainní atá ar do thoil agat. Féach ar an teimpléad Plean Gníomhaíochta Domhanda ar an leathanach seo chun leibhéal tionchair d'fheachtais gníomhaíochta a mheas. Ar deireadh, tá sé in am anois beocht a chur i d'fheachtas gníomhaíochta trí leas a bhaint as an rianaire tionscadal ar leathanach 44.

### Uirlis Mhaitríse Pleanála Gnímh

Cabhróidh an uirlis seo leat na smaointe iontacha a fuarthas ón meabhairmhapa a scagadh, agus ar an gcaoi sin, beidh tú in ann a chinneadh cén gníomhaíochtaí atá fiúntach agus indéanta araon, bunaithe ar an am agus na hacmhainní atá ag d'fhoireann. Pleanáil do smaointe de réir a dtionchair. Mar shampla, dá n-éireodh leat do thionscadal gníomhaíochta a bheith léirithe ar an nuacht náisiúnta, d'fheicfeadh an-chuid daoine é sin (scéal mór), ach b'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag baint leis (san fhadtéarma) mura mbeadh aithne acu ar na daoine cearta. Bheadh stáisiún raidió nó nuachtán áitiúil a bhfuil lucht féachana measartha aige (scéal sách mór) ina sprioc níos éasca (sa ghearrthéarma)

### Cá bhfuil an bhearna?

Úsáid an íomhá shimplí seo chun a fháil amach an bhfuil aon bhearnaí i d'fheachtais gníomhaíochta. An bhfuil an tionchar is mó agus is féidir á bhaint amach agat leis na hacmhainní atá ar fáil duit? Tá tusa sa lár, is é do scoil an chéad fháinne, agus ansin do theaghlach agus ansin an pobal áitiúil.

Ar na híomhánna eile a d'fhéadfadh a bheith ann, tá an iarmhairt chuilitheach; samhlaigh gur mún dreoilín san fharraige thú, conas is féidir leat do thionchar a leathadh?

Samhlaigh go bhfuil cloch á scimeáil agat ar an uisce, cé mhéad céimeanna is féidir leat a dhéanamh i d'aonair, mar scoil, le cabhair ón bpobal áitiúil? Conas a shroichfidh d'fheachtas gníomhaíochta an domhan i gcoitinne?

### Moltaí Cumarsáide

**Scoil:** póstaeir, fógraí idirchum, tionóil, nuachtán/iris, láithreán gréasáin, meáin shóisialta.

**An Teaghlach:** ó bhéal go béal, gréasán téacs tuismitheoirí.

**Pobal Áitiúil:** ó bhéal go béal, nuachtán an pharóiste, nuachtán áitiúil, stáisiún raidió áitiúil, gnóthais áitiúla.

**An Domhan i gCoitinne:** cleas meán nó feachtas meán sóisialta #trending, nuachtán nó stáisiún raidió níos mó




**Maitrís Pleanála Gníomhaíochta**

| | Scéal beag | Scéal measartha mór | Scéal mór |
|---|---|---|---|
| Éasca (sa ghearrthéarma) | | | |
| Measartha éasca | | | |
| Deacair (san fhadtéarma) | | | |


## Teimpléad Meabhairmhapa

**Smaoinigh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ar na rudaí atá faighte amach agat sa rang seo.**

An bhfuil aon topaicí ar mhaith leat díriú orthu? An féidir leat smaoineamh ar aon chleachtais neamh-inbhuanaithe ar scoil, sa bhaile nó sa phobal i gcoitinne? Cad a d'fhéadfá a dhéanamh faoi sin? Aon bhfuil aon ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh chun a n-iompar a athrú agus a bheith níos inbhuanaithe? Má theastaíonn leideanna, d'fhéadfá na cinn seo a leanas a mholadh: dramhaíl, uisce, fuinneamh, bithéagsúlacht, Cóirthrádáil, athrú aeráide.

## Céimeanna tábhachtacha

1. Cead
2. Iniúchadh/suirbhé
3. Poiblíocht/feasacht
4. Feachtas
    a. Scoil
    b. Teaghlach
    c. Pobal
5. Ath-iniúchadh/suirbhé
6. Scaip na torthaí
7. Ceiliúir



### Rianaire Tionscadail Gníomhaíochta

Tá sé in am anois do thionscadal gníomhaíochta a phleanáil. Ná déan dearmad an t-athrú a dhéanann tú a thomhas. Má chuireann tú iniúchadh nó suirbhé i bhfeidhm ag tús nó deireadh d'fheachtais, beidh tú in ann an fheasacht, na nósanna, na tuairimí agus na dearcthaí atá ann faoi láthair a thomhas (m.sh. dealú dramhaíola, úsáid fuinnimh, caomhnú uisce, nósanna taistil do phiaraí srl.).

| Cé | Céard | Cathain | Stádas |
|---|---|---|---|
| Ainmneacha | Gníomhaíocht | Dáta | Déanta? |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Úsáid an uirlis ar líne seo chun cabhrú leat do shuirbhé a dhearadh**
www.surveymonkey.com

## SÍNEADH

# CRUTHAIGH NASC LEIS AN DOMHAN THEAS

2 uair

D'fhéadfá ócáid tiomsaithe airgid don scoil nó eispéireas malartaithe cultúir dhomhanda a eagrú, ionas go bhféadfadh daltaí a bhfuil baint acu le hoidhreacht lasmuigh d'Éirinn rudaí amhail éadaí nó bia a thabhairt isteach, nó scéal, amhrán nó dán a chur i láthair an ranga.

Cad chuige nach leathfá do thionscadal níos mó fós agus oibriú i bpáirt le rang sa Domhan Theas? An bhfuil do scoil nó pobal 'nasctha' le scoil nó pobal eile? Is bealach iontach é an nascadh le gaolta agus dearcthaí domhanda a choinneáil, agus is gnách go gcruthaíonn sé deiseanna foghlama idir piaraí agus tionscadail chomhoibrithe scoileanna.

Mar rogha éasca, d'fhéadfá ardán domhanda amhail Water Explorer a úsáid. Roinn do thionscadal gníomhaíochta le scoil eile, agus spreag iad é a athchruthú, rud a mhéadóidh do thionchar ar fud an domhain. Cláraigh do rang le Water Explorer agus brabhsáil tríd na tíortha a ghlacann páirt ann, aimsigh péire féideartha, agus ar aghaidh leat ar skype.

RESPECTFUL RELATIONSHIPS


**Aimsigh scoil nó pobal!**
www.etwinning.net/en/pub/index.htm
www.waterexplorer.ie/all-countries

# MACHNAMH

**Toradh Foghlama OSSP 2.12:** Déan machnamh ar ar fhoghlaim tú sa snáithe seo.

**Naisc thraschuraclaim:** Ealaín, Béarla, TFC

**Príomhscileanna:** Mé féin a bhainistiú: Aithne a bheith agat ort féin; Cinntí stuama a dhéanamh; Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach; A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin; Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú. Eolas a bhainistiú agus machnamh a dhéanamh; Ag smaoineamh faoi m'fhoghlaim agus á measúnú.




Ní amháin gur cuid lárnach é an machnamh den tSraith Shóisearach, is scil thábhachtach é freisin maidir le leanúint den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, leis an tsaoránacht ghníomhach dhomhanda agus le daoine óga féinfheasacha a chruthú. Is gné lárnach sa chreat nua é d'fhoghlaim féin a anailísiú go criticiúil. Tóg roinnt ama chun machnamh gníomhach a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha agat le linn na gcaibidlí seo nó i gcaitheamh an téarma.

Más rud é go raibh dialann, blag nó vlag á choinneáil ag do dhaltaí le linn na ngníomhaíochtaí seo, níor mhiste iad a spreagadh anois le machnamh a dhéanamh ar na hábhair uile atá tiomsaithe acu, agus le leagan gearr díobh a chur in eagar lena roinnt ar láithreán gréasáin nó meáin shóisialta do scoile nó lena chur chuig nuachtán áitiúil. Bheidís in ann cabhair a fháil ón múinteoir TFC chun físeán gearr a chruthú nó ón múinteoir Béarla chun alt a scríobh.

Ná déan dearmad cur isteach ar ghradam Phas Domhanda do scoile! Tá clár Cúnamh Éireann, WorldWise Global Schools, tar éis uirlis féinmheasúnaithe áisiúil a fhorbairt do dhaltaí le gur féidir leo a gcuid foghlama féin a chinneadh agus chun cabhrú leo machnamh féintreoraithe a dhéanamh.

## AMLÍNE

45 nóim

### Treoracha

Tarraing amlíne mhór ar an gclár, agus é ag tosú ón gcéad uair a d'úsáid tú an tsraith uirlisí seo nó ag tús an téarma. Iarr ar na daltaí smaoineamh siar go dtí an tús, cad a rinne sibh sa rang, cén topaicí a cuireadh i láthair an chéad lá riamh, nó oibrigh siar ón lá inniu má tá sin níos éasca. Nuair atá an amlíne ranga forbartha agat, cuir na ceisteanna seo a leanas:

- An féidir leat do mhéar a leagan ar aon chodanna den amlíne a raibh na gníomhartha seo a leanas ar siúl agat...
  - – Ag plé
  - – Ag míniú
  - – Ag déanamh taighde
  - – Ag cur i láthair
  - – Ag pleanáil
  - – Ag gníomhú?
- Ag cén pointí ar an amlíne ar mhothaigh tú...
  - – Gníomhach
  - – Freagrach
  - – Nasctha
  - – Acmhainneach
  - – Go raibh meas ort
  - – Feasach?
- An bhfuil aon sleachta, frásaí nó íomhánna faoi leith ar mhaith leat a chur leis an amlíne?




GLOBAL ACTION PLAN

# PÉIREÁIL AGUS COMHROINNT

30 nóim

Cuireann bua na héisteachta gníomhaí deis iontach ar fáil le haghaidh foghlaim agus machnamh idir piaraí.

Tar éis na hamlíne agus na gcleachtaí um shaoránaigh gníomhacha domhanda, úsáid an teicníc seo chun do dhaltaí a dhíriú ar an todhchaí. Tabhair do d'aire gur féidir an teicníc shimplí mhachnaimh seo a úsáid ag aon chéim.

## Treoracha

Bain leas as do shaoránach gníomhach domhanda mar phointe tosaigh, bris isteach i bpéirí agus caith 5-10 nóiméad ag labhairt le chéile faoin todhchaí. Cuir na ceisteanna seo a leanas ar do comhpháirtí:

- Céard ba mhaith leat níos mó a fháil amach faoi? Cén plean atá agat chun an t-eolas sin a fháil amach?
- Ó thús na bliana seo, cén t-athrú atá tagtha ar do luachanna, do dhearcthaí nó do thuairimí? An mbeidh tionchar aige sin ar d'iompraíocht nó do ghníomhartha sa todhchaí? Conas a dhéanfá rudaí ar bhealach difriúil?
- An bhfuil feabhas tagtha ort nó an bhfuil aon scileanna nua foghlamtha agat? Cén chaoi a n-úsáidfeá iad amach anseo, meas tú?

Cad ba mhaith leat a dhéanamh sa chéad chéim eile? Cén fáth? Anois agus tréimhse ama caite agaibh ag éisteacht le chéile, mínigh don rang an chiall atá bainte agat as an méid atá comhroinnte ag do chomhpháirtí. Mar shampla:

- Ba mhaith le Máire tuilleadh a fháil amach faoin athrú aeráide agus tá i gceist aici taighde a dhéanamh ar an ábhar sin ar líne, agus breathnú ar fhoinsí amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- Tá athrú tagtha suas go pointe ar dhearcadh Mháire faoin méid is féidir léi a dhéanamh, mar go dtuigeann sí anois go bhféadfadh tionchar a bheith ag a roghanna ar dhaoine eile timpeall an domhain, agus mar sin déanfaidh sí iarracht i gcónaí an rogha inbhuanaithe a dhéanamh (m.sh. in-athúsáidte, in-athchúrsáilte,Cóirthrádáil srl.).
- Tá Máire tar éis a scileanna taighde, a hobair i ngrúpaí agus a cumas díospóireachta a fheabhsú. Tá scileanna nua forbartha aici freisin sa phleanáil gníomhaíochtaí agus sa bhainistiú tionscadal. Beidh na scileanna sin thar a bheith úsáideach ar scoil, ach i ndiaidh sin sa choláiste freisin, agus fiú nuair a bheidh sí ag obair.
- Ba mhaith le Máire a bheith ina hoibrí deonach thar lear agus fáil amach cén saghas saoil atá sa Domhan Theas.

# IS SAORÁNACH GNÍOMHACH DOMHANDA MÉ

30 nóim

Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim ná d'fhéiniúlacht a fhorbairt agus eolas agus scileanna a ghnóthú.

### Treoracha

Iarr ar do dhaltaí a mhíniú i scríbhinn nó i bpictiúr an chiall a bhaineann siad féin as saoránach gníomhach domhanda. D'fhéadfá fiú taisceadán todhchaí de na saoránaigh gníomhacha domhanda a chur le chéile agus a bhronnadh ar ais ar do dhaltaí agus iad san Idirbhliain nó i Rang 6. Cuir ceisteanna spreagtha an chinn, an chroí agus na lámh, agus ceadaigh neart ama chun machnamh a dhéanamh.

**Léigh tuilleadh faoin gcumhacht atá ag an bhfoghlaim bhunathraitheach**

www.jsedimensions.org/wordpress/content/head-heart-and-hands-model-for-transformative-learning-place-as-context-for-changing-sustainability-values_2015_03/


### Ceisteanna Spreagtha

**Ceann –** cén t-eolas/feasacht atá gnóthaithe agam? Céard ba mhaith leat níos mó a fháil amach faoi?

**Croí –** conas a mhothaím? Cad air a bhfuil meas agam? Cad iad mo thuairimí/dearcthaí? An bhfuil siad sin tar éis m'iompar/mo ghníomhaíochtaí a athrú ó bhonn? Conas?

**Lámha –** cén scileanna atá forbartha agam? Conas a bhí mé rannpháirteach? Conas a úsáidfidh mé na scileanna sin amach anseo?

**Cosa –** cad ba mhaith leat a dhéanamh sa chéad chéim eile? Cén fáth?



# NA LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN IS FEARR LINN

Is ionad ilfhreastail é leathanach acmhainní Phlean **Gníomhaíochta Domhanda Éireann** inar féidir leat gach a fháil a mbeidh uait chun na gníomhaíochtaí sa tsraith uirlisí seo a chur i gcrích – agus iad eagraithe de réir caibidle. In ionad iad seo a phriontáil, iarraimid ort na híomhánna a thaispeáint don rang ar an gclár bán idirghníomhach nó teilgeoir, áit ar féidir.

www.globalactionplan.ie/education/resources

Gach bliain, eisíonn **Global Goals** an físeán The World's Largest Lesson, agus tá leabharlann mhór acmhainní acu a mhíníonn pleananna ceachta ar gach ceann de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

www.globalgoals.org

Tacaíonn clár **Cúnamh Éireann, WorldWise Global Schools**, le scoileanna chun an tOideachas Forbartha a chomhcheangal ina múineadh agus ina bhfoghlaim ar neart bealaí, lena n-áirítear deontais, gradaim, oiliúint agus acmhainní!

www.worldwiseschools.ie

Is acmhainn ar líne é an **tOideachas Forbartha**, atá dírithe ar neamhionannas agus éagóir sa domhan inniu. Tairgeann sé acmhainní chun cur agus cúiteamh a ghríosú faoi na saincheisteanna agus na dúshláin atá romhainn, agus a spreagann sinn chun cinntí a dhéanamh faoin gcineál domhain a bhfuil gá againn leis agus ar mhian linn a chruthú.

www.developmenteducation.ie

Soláthraíonn **Trócaire** tacaíocht d'oideoirí i bhfoirm ceardlanna scoile, agus cuireann siad raon acmhainní ar fáil maidir leis an gceartas agus le ceisteanna cearta daonna.

www.trocaire.org

Tá **Aidlink** tiomanta obair i gcomhar le scoileanna ar fud na hÉireann chun an t-oideachas forbartha a sholáthar, agus chun dlúthpháirtíocht dhomhanda agus saoránacht dhomhanda a chur chun cinn.

www.aidlink.ie

Is é **Cúnamh Éireann clár Rialtas na hÉireann** um fhorbairt thar lear, agus tá sé dírithe ar throid i gcoinne na bochtaineachta agus an ocrais ar fud an domhain. Tairgeann siad ceardlanna saor in aisce faoi cheisteanna domhanda freisin in Ionad Cúnamh Éireann.

www.irishaid.ie

Is é **Comhairle Náisiúnta** na nÓg a labhraíonn ar son leasanna an n-eagraíochtaí óige deonacha, agus a thacaíonn leo, agus úsáideann siad a dtaithí chomhchoiteann chun dul i ngleic le fadhbanna a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga. Tá réimse acmhainní ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Náisiúnta na nÓg, a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Oideachais Forbartha.

www.youthdeved.ie

Is é **Díospóireachtaí Concern** príomhghníomhaíocht Concern Worldwide i scoileanna, agus tugann sé deis do dhaltaí scileanna a fhoghlaim sa taighde, sa tsmaointeoireacht chriticiúil, san óráidíocht agus sa díospóireacht, agus dul i ngleic le cuid de na ceisteanna is tábhachtaí atá roimh an domhan inniu.

www.concern.net

Tá réimse acmhainní iar-bhunscoile ag **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**, agus tá siad ina n-óstach freisin ar an gcomórtas 'One Good Idea', a bhfuil d'aidhm aige athruithe stíle maireachtála a spreagadh i ndaltaí, a shábhálfaidh fuinneamh agus a chabhróidh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

www.seai.ie



**Plean Gníomhaíochta Domhanda Éireann**
**Axis Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 9, D09 Y9W0, Éire.**

Guthán:+353 1 883 2185
Ríomhphost: education@globalactionplan.ie
Uimhir CRA: 20053338
Uimhir Charthanachta: CHY 15448

www.globalactionplan.ie

Arna Mhaoiniú ag WorldWise Global Schools - Clár de chuid Chúnamh Éireann